Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



# Tuarascáil Bhliantúil 2009

Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí de réir Alt 37 an Acht Sláinte 2007.

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte © 2010.

# Brollach ón gCathaoirleach

I rith na bliana seo caite, rinne an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte iarracht a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh cultúr mhéadú cáilíochta, sábháilteachta agus foghlama inár seirbhísí sláinte agus sóisialta ar mhaithe le daoine atá ag baint úsáide as na seirbhísí agus na daoine a sholáthraíonn iad.

Gan amhras, ceann de na forbairtí is suntasaí don Údarás ná seoladh chlárú agus iniúchadh ionaid ainmnithe do dhaoine breacaosta ó 1 Iúil 2009. Tá an obair seo leanúnach ach ba chloc mhíle é a tosú i bhforbairt sainchúram cáilíocht agus sábháilteacht an Údaráis trí rialachán seirbhísí chun cúram do dhaoine a fheabhsú. Léiríonn sé an dul chun cinn leanúnach chun cultúr foghlama a ghiniúint ó dhea-chleachtas freisin.

I 2009 freisin, agus don chéad uair riamh in Éirinn, d'fhoilsigh an tÚdarás caighdeáin do seirbhísí cúraim chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Tugann na caighdeáin seo sracléiriú ar na seirbhísí seo atá i ndán do dhaoine faoi mhíchumas, dá dteaghlach agus don phobal agus cad atá ag súil ó sholáthraithe na seirbhísí seo.

D'fhoilsíomar caighdeáin dírithe ar fhadhb ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a smachtú, cúis mhór imní don phobal agus soláthraithe chúram sláinte agus sóisialta freisin. Tosóidh an tÚdarás ag déanamh iniúchta ar ospidéil in aghaidh na caighdeáin seo i 2010.

I rith na bliana, rinne an tÚdarás measúnú ar chlár scagthástála ailse calaireicteaí atá bunaithe ar dhaonra, agus léirmheas ar sheirbhísí scagthástála ailse náisiúnta chun cuidiú le feidhmiú clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra. Nuair a chuirfear i bhfeidhm é, cuirfidh sé seo go mór le beathaí a shábháil agus cáilíocht bheatha a fheabhsú do dhaoine a bhfuil ailse chalaireicteach acu nó daoine gurb fhéidir leo í a tholgadh.

Tá soláthar eolais sláinte atá suas chun dáta ríthábhachtach i gcóras cúraim shláinte ar bith. Is é sin an fáth gur fhoilsigh an tÚdarás moltaí chun uimhir aitheantóir sláinte uathúil do dhaoine ag baint úsáide as seirbhísí cúraim shláinte agus sóisialta in Éirinn. Tabharfaidh forbairt den saghas seo

feabhas ar shábháilteacht agus cáilíocht chúraim do dhaoine trí fhaisnéis othar a fheabhsú.

Bhí cúiseanna imní faoi cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí ailse ina chuid mhór d'obair an Údaráis i rith na bliana. Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i bhforbairt seirbhísí ailse níos sábhála dár ndaonra, go háirithe trína léirmheas ar ionaid ainmnithe de sheirbhísí galair bhrollaigh shiomptómaigh. I measc na dtionscnamh sin, agus mar chuid d'fhorbairt slán chumraíocht seirbhísí ospidéil a chur chun cinn, bhí foilsitheoireacht iniúchtha mórchúisigh ar cháilíocht agus sábháilteacht ag Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Inis.

Tháirgeamar tuairisceán suntasach freisin ar shábháilteacht seirbhísí a sholáthar do pháistí i seirbhísí cúraim chónaithe, cúram altrama san áireamh, atá tar éis cur le tuiscint a chruthú ar cad atá ag teastáil chun na seirbhísí seo a fheabhsú agus a thacú, i measc tuarascála éagsúla ar mhíúsáid páistí institiúideach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an ardbhainistíocht, an fhoireann, agus bord an Údaráis, a thaispeáin díograis agus paisean éachtach le 12 mí anuas agus thar gach réimse dár gcuid oibre.

Leanfaidh mo chomhbhaill den Bhord agus mé féin lenár dtacaíocht a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach agus a fhoireann, agus foireann an Údaráis go léir, agus muid ag leanúint lenár misean chun cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun cinn do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus sóisialta.



**Pat McGrath**
Cathaoirleach

# Clár


Brollach ón gCathaoirleach i

1 Maidir le hÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 5

1.1 Brollach 6

1.2 Ár Sainordú agus Ár gCuid Feidhmeanna 7

1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna 9

2 Rialachas agus Bainistíocht 11

2.1 Bord an Údaráis 12

2.2 Cruinnithe an Bhoird 14

2.3 Coistí an Bhoird 14

2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin 15

3 Aidhmeanna Straitéiseacha agus Mórghníomhartha 18

3.1 Aidhmeanna Straitéiseacha 19

3.2 Achoimre Mhórghníomhartha 21

4 Gníomhaíocht ag Lucht Stiúrthóireachta 23

4.1 Cáilíocht agus Sábháilteacht Chúram Sláinte 24

4.2 Tuarascáil ó Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta/ón gCigireacht Seirbhísí Sóisialta 35

4.3 Eolas Sláinte 49

4.4 Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte 53

4.5 Cumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara 62

4.6 Seirbhísí Corparáideacha 67

4.7 Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 71

5 Eolas Airgeadais 74

5.1 Ráitis Airgeadais 75

Aguisíní

Aguisín 1 Gníomhaíocht agus Tinreamh an Bhoird 78

Aguisín 2 Struchtúr na hEagraíochta 80

# 1 Maidir le hÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1.1 Brollach

Is é an Tuarascáil Bhliantúil seo an tríú tuarascáil a rinne an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (an tÚdarás) agus is cloch mhíle thábhachtach é i gcomhthéacs forbhreathnú na hoibre a rinne an tÚdarás i rith 2009. Tugann sé léargas freisin ar an tionchar a bhí ag an obair seo ar cháilíocht agus sábháilteacht a fheabhsú i seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta na hÉireann. San Údarás creideann muid go bunúsach mura bhfuilimid ag déanamh difríochta dearfaigh ar shaolta daoine atá ag baint úsáide as na seirbhísí seo, nílimid ag baint amach ár gcuid cuspóirí. Cumadh ár bPlean Gnó do 2009 i staideanna eacnamaíochta a bhí an-difriúil. Mar thoradh de na hathruithe drámatúla ar an ngeilleagar a tharla go dtí agus i rith 2009, bhí brú méadaithe ar airgeadais phoiblí a bhí éifeacht aige ar ár gcumas chun roinnt dár spriocanna a bhaint amach agus an eagraíocht a leathnú mar a bheartaigh muid. Agus bonn daingean bunaithe againn ó bhunaíodh muid áfach, bhíomar in ann oiriúnú go tapa agus dúshláin a bhaint amach agus muid ag déanamh dianiarrachta gan comhghéilleadh a dhéanamh ar ár iarrachtaí chun feabhsaithe i seirbhísí a chur chun cinn ar mhaithe leis na daoine a bhaineann úsáid astu.

Thuig muid freisin na deiseanna a chuireadh i láthair ag timpeallacht athraithe agus dhírigh muid go háirithe ar luach ar airgead a bhaint amach san obair go léir a rinneamar, bhíomar eolach ar ár sainchúram mar chomhlacht poiblí agus an dualgas atá againn úsáid is fearr na gcistí poiblí a dháileadh orainn a thaispeáint.

Na freagairtí ar leith a chuireamar i bhfeidhm i rith na bliana, chun muid a chur ar chumas leas a bhaint as na dúshláin a chuireadh i láthair, a bheith níos nuálaí sa chaoi a oibríonn muid san áireamh, ag giaráil scileanna nuair is féidir i slí neodrach ó thaobh costais, ag gníomhú mar ghníomhaire ar son cultúr ag athrú agus ag cur an clár cáilíochta chun cinn, ag forbairt uirlisí chun toilleadh agus cumas a thógáil sa chóras agus ag sainaithint an chaoi gur féidir le eolas láithreach a úsáid níos éifeachtaí ar mhaithe leosan a bhaineann úsáid as na seirbhísí chomh maith leis na soláthraithe.

## 1.2 Ár Sainordú agus Ár gcuid Feidhmeanna

Is é an tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte an tÚdarás neamhspleách a bhunaíodh i mí Bealtaine 2007 chun feabhsú leanúnach a chur chun cinn i seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhísí Sláinte iomlán de chuid an Rialtais.

Ag tabhairt tuairisce go díreach d'Aire Sláinte agus Leanaí, is é an ról atá ag an an Údarás ná cáilíocht agus sábháilteacht i soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a chur chun cinn ar mhaithe le sláinte agus leas an phobail.

Mar eagraíocht neamhspleách, tá an tÚdarás tiomanta do chaidreamh oscailte agus follasach lena pháirtithe leasmhara. Tá ár neamhspleáchas laistigh den chóras sláinte ríthábhachtach agus mar chroílár ag ár rath i mbun ár gcuid feidhmeanna.

Leathnaíonn sainordú an Údaráis thar cháilíocht agus sábháilteacht earnála poiblí, príobháide (laistigh dár bhfeidhm cúraim shóisialta) agus deonacha. Tá dualgas reachtúil aige ar:

**Caighdeáin do Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta a leagan síos** – Ag forbairt caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta, bunaithe ar fhianaise agus dea-chleachtas idirnáisiúnta, do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn (seachas seirbhísí sláinte mheabhrach).

**Cáilíocht Chúraim Shláinte a mhonatóiriú** – Ag déanamh monatóireachta ar chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta inár seirbhísí sláinte agus ag imscrúdú, de réir mar is gá, ábhar imní dáiríre faoi shláinte agus leas úsáideoirí seirbhíse.

**Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte** – Ag cinntiú an toraidh is fearr don úsáideoir seirbhíse trí éifeachtacht chliniciúil agus eacnamúil a bhaineann le drugaí, trealamh, teicnící diagnóiseacha agus gníomhaíochtaí um chur chun cinn na sláinte a mheas.

**Eolas Sláinte** – Ag tabhairt comhairle ar bhailiúchán agus roinnt eolais trasna na seirbhísí, ag meas eolais agus ag foilsiú eolais faoi sheachadadh agus feidhmiúchán seirbhísí sláinte agus cúraim shláinte.

**Social Services Inspectorate** – Ag clárú agus ag scrúdú tithe chónaithe do pháistí, daoine aosta agus daoine faoi mhíchumas i gcás inarb infheidhme. Ag déanamh monatóireachta saoráidí lae agus réamhscoil agus ionaid choinneála do pháistí agus ag scrúdú seirbhísí cúraim altrama.

I rith 2009, lean an tÚdarás dá mhóiminteam a choimeád i mbun a gcuid cór-fheidhneanna agus thosaigh sé feidhm reachtúil nua. Ó 1 Iúil 2009, ghlac an tÚdarás freagracht as clárú agus scrúdú gach seirbhíse cúraim chónaithe do dhaoine aosta. Don chéad uair riamh, bhí ionaid á a bhí reachtáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), chomh maithe le tithe altranais príobháide agus deonacha, faoi réir iniúchta agus cláraithe neamhspleách.

Trínár gcuid feidhmeanna a ghlacadh, tá an tÚdarás tiomanta d'obair a dhéanamh go dlúth le grúpa eagsúil daoine, iad a bhaineann úsáid as seirbhisí sláinte agus sóisialta, a gcúramóirí, proifisiúnaigh chúraim shóisialta, soláthraithe poiblí, priobháide agus deonacha, Roinn Sláinte agus Leanaí agus páirtithe leasmhara eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta go háirithe.

### Ár Sainordú Dlíthiúil

Faigheann an tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a shainordú, agus glacann sé a fheidhmeanna de bhun Acht na Sláinte 2007 agus reachtaíocht ábhartha eile (an tAcht um Chúram Leanaí, 1991 agus Acht na Leanaí, 2001).

Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil seo, a imlíníonn obair an Údaráis ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2009, i láthair de réir ceanglais reachtúla Acht na Sláinte 2007, agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialacha san áireamh, mar a theastaítear ó Acht na Sláinte 2007.

## 1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna

Is féidir fís, misean agus luachanna an Údaráis a thuairisciú mar chreidimh na heagraíochta, a imríonn tionchar ar a uain ar roghnú gníomhaíochtaí agus an cur chuige a ghlacann muid chun iad a fheidhmiú. I ndáiríre, is féidir é a thuairisciú mar "phearsantacht" an Údaráis.

## Ár fís

Is é ár fis ná cúram sláinte agus sóisialta níos fearr do ghach duine, tacaithe ag caighdeáin agus cinntí a fheabhsaíonn sábháilteacht agus cáilíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

## Ár misean


Tagann misean an Údaráis ó fheidhmeanna reachtúla a thuairiscíodh in Acht na Sláinte 2007 agus is féidir é a achoimriú mar seo:

> ***"Cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun cinn do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta."***

## Ár luachanna

Luaitear agus maisítear cór-luachanna an Údaráis i Léaráid 1.

**Léaráid 1: Cór-luachanna an Údaráid**



**Ag cur daoine chun tosaigh** – cuirfimid riachtanais agus glórtha úsáideoirí seirbhísí agus soláthraithe i gcroílár ár n-oibre.

**Cothrom agus Oibiachtúil** – beimid cothrom agus oibiachtúil inár mbeartaíocht le daoine agus eagraíochtaí, agus glacfaimid ár n-obair mar chúram gan fhaitíos nó fábhar.

**Oscailte agus Freagrach** – roinnfimid eolas faoi nádúr agus torthaí ár n-oibre, agus glacfaimid freagracht iomlán as ár ngníomhaíochtaí.

**Feabhas agus Nuálaíocht** – déanfaimid dianiarracht inár n-obair, agus beimid ag lorg feabhsaithe leanúnach trí fhéinmheastóireacht agus nuálaíocht.

**Ag obair le chéile** – rachaimid i ngleic le daoine ag soláthar agus daoine ag baint úsáide as na seirbhísí chun gach gné dár n-obair a fhorbairt.

# 2 Rialachas agus Bainistíocht

## 2.1 Bord an Údaráis

Bunaíodh Bord an Údaráis ar 15 Bealtaine 2007. Cuimsítear Cathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin bhreise ann. Cuimsíonn na stiúrthóirí réimse leathan d'eispéireas a n-áirítear ionadaíocht ó phroifisiúnaigh shláinte agus cúraim shóisialta. baill thuata agus tionsclaíochta. Is iad seo a leanas baill an Bhoird:



**An tUasal Pat McGrath**
(Cathaoirleach),
Príomhfheidhmeannach,
Grúpa Bainistíochta



**An tUasal Bryan Barry**
Ard-Rúnaí Cúnta,
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann




**An Dr Michael Barry**
Stiúirteoir Leighis
Ionad Náisiunta Cogas-Eacnamaíochta agus Lia Comhlaireach, Ospidéal San Séamais



**An tUasal Dan Byrne**
Cathaoirleach,
Réitigh Lincor Teo.



**An Dr Ian Callanan**
Tacaíocht Iniúchóireachta Cliniciúil, Grúpa Cúraim Shláinte Naomh Uinseann,
Baile Átha Cliath



**An Dr Angela Kerins**
POF, Grúpa Rehab agus Cathaoirleach an Údaráis Chomhionannas



**An tOllamh Geraldine**
McCarthy Déan Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh



**An Dr Brian Meade**
Lia Ginearálta, agus Stiúrthóir Chlár Traenála Náisiúnta GPIT



**Sheila O'Connor**
Comhordaitheoir, Patient Focus



**An tUasal David O'Hora**
Stiúrthóir, Southern Marketing, Gníomhaireacht Fhógraíochta agus Cumarsáide



**An Dr Dermot Power***
Lia Comhairleach i gCúram do Dhaoine Aosta, Ospidéal Mater Misericordiae agus Ospidéal Naomh Mhuire.
**I rith 2009, scoir an Dr Dermot Power de Bhord an Údaráis*



**Dolores Quinn**
Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide, Saotharlanna Abbott



**Grainne Tuke***
Dlíodóir, Dlíodóir Pauline Kennedy.
**I rith 2009, ghabh Grainne Tuke le Bord an Údaráis*

Is bord bainistíochta an Údaráis é and Bord agus dá bhrí sin tá sé freagrach as rialachas oiriúnach an Údaráis agus as cinntiú go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, géilliúntas reachtúil agus oibríochtúil agus bainistíocht riosca.

Tá an tÚdarás, mar chomhacht réasúnta nua, i bhfách le bearta rialachais éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus dá bhrí sin, i rith 2009, cuireadh roinnt trionscnamh chun cinn chun na córais rialachais laistigh den Údarás a fheabhsú.

Tuairiscíodh seo go mionchruinn faoi thuarascáil Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 71.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Bhí 11 cruinniú boird i rith 2009, agallaimh duine le duine ab ea 9 díobh siúd agus glaonna comhdhála ab ea 2 ceann (féach Aguisín 1 do liosta cruinnithe agus freastail).

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tá ceithre ciste sa Bhord. Seo hiad mar a leanas:

- **Coiste Rialachais Shláinte agus Cúraim Shóisialta** a dhéanann maoirsiú ar éifeachtacht, rialachas agus smachta a bhaineann le seachadadh feidhmeanna sláinte agus cúraim shóisialta an Údaráis. Buail seo le chéile ceithre uair i rith 2009
- **Déanann Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh** monatóireacht ar ghéilliúntas an Údaráis lena fheidhmeanna reachtúla, bainistíocht riosca agus socruithe iniúchta inmheánaigh. Buail seo le chéile ceithre uair i rith 2009
- **Tugann Coiste Eolais, Teicneolaíochta agus Taighde comhairle** don Bhord ar phríomhghnéithe d'fheidhmeanna eolais agus teicneolaíocht leighis agus socruithe rialachais a bhaineann lena thionscadail thaighde. Buail seo le chéile ceithre uair i rith 2009
- **Déanann Coiste Luach Saothair agus Ainmniucháin** monatóireacht ar na riachtanais eagraíochtúla agus forbairt bhainistíochta an Údaráis. Bhuail an choiste le chéile dhá uair i 2009.

## 2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

D'eagraigh an tÚdarás é féin chun a phríomhghníomhaíochtaí a léiriú. Dá bhrí sin, tá sé Stiúrthóireacht agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, atá á stiúradh agus á bainistiú ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin. Tá an struchtúr eagrúcháin le feiceáil in Aguisín 2.


Is iad seo a leanas baill Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin:



**An Dr Tracey Cooper**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**An Dr Marion Witton**
Príomhchigire Cigireacht Seirbhísí Sóisialta



**An tOll Jane Grimson**
Stiúrthóir Eolais Sláinte



**An Dr Mairin Ryan**
Stiúrthóir Mheasúnú Teicneolaíocht Sláinte



**Jon Billings**
Stiúrthóir Cháilíocht agus Sábháilteacht Chúraim Sláinte



**Kathleen Lombard**
Rúnaí an Bhoird agus Bainisteoir Riosca



**Sean Angland**
Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha



**Marty Whelan**
Ceannasaí Cumarsáide agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Tá feidhmeanna na bPríomhchigirí leagtha amach i dTábla 1.

### Tábla 1: Imlíne Achomair Feidhmeanna Stiúrthóireachta

| Stiúrthóireacht | Imlíne Achomair |
|---|---|
| **Cáilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte (CSCS)** | Ag forbairt caighdeáin atá dírithe ar dhaoine do chúram sláinte and sóisialta. Ag forbairt agus ag feidhmiú clár monatóireachta chun feabhsaithe ar chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta i gcúram sláinte a chur chun cinn. Má meastar is gá, gabhfar i gceann iniúchtaí nuair atá cúiseanna réasúnta le creidiúint go bhfuil contúirt dáiríre do shláinte nó leas duine ag glacadh seirbhísí. |
| **Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta (CSS)** | Ag déanamh iniúchta agus ag clárú seirbhísí cúraim shóisialta, seirbhísí cónaithe do dhaoine aosta san áireamh, seirbhísí cónaithe do pháiste agus seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Má meastar is gá, gabhfar i gceann iniúchtaí nuair atá cúiseanna réasúnta le creidiúint go bhfuil contúirt dáiríre do shláinte nó leas duine ag glacadh seirbhísí. |
| **Eolas Sláinte (ES)** | Ag déanamh sainaitheanta agus ag tabhairt comhairle ar easpaí faisnéise sláinte; ag bunú creatlach rialachais faisnéise agus ag leagan síos caighdeáin d'fhaisnéis shláinte nó seirbhísí fáisnéise sláinte; ag meas agus ag soláthar faisnéise ar sholáthar sheirbhísí sláinte agus sóisialta. |
| **Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (MTS)** | Ag cinntiú go n-úsáidtear acmhainní inár seirbhísí sláinte ar bhealach a chinntíonn an toradh is fearr don othar nó úsáideoir seirbhíse – go sonrach trí measúnú (agus ag tacú measúnaithe) éifeachtacht chliniciúil agus costas teicneolaícht sláinte. |

| Stiúrthóireacht | Imlíne Achomair |
|---|---|
| **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara (Cumarsáid)** | Ag bainistiú cumarsáide agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara go léir, le lucht féachana idir inmheánach agus seachtrach, agus ag forbairt caidreamh comhoibritheach trasna na seirbhísí sláinte agus cúram sláinte. |
| **Seirbhísí Corparáideacha (SC)** | Ag cinntiú go bhfuil an tÚdarás oiriúnach don fheidhm bheartaithe, trí leas éifeachtach, feidhmíocht, bainistíocht agus earcaíocht na foirne, áitrimh, seirbhísí eolas bainistíochta agus príomhsheirbhísí tacaíochta eile. |
| **Olfig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (Oifig POF)** | Ag tabhairt maoirseachta, treoraithe agus tacaíochta chun an tÚdarás a chumasú a gcuid aidhmeanna a bhaint amach go éifeachtach agus go héifeachtúil i slí dea-rialaithe. |

Tá oifigí ag an Údarás i gCorcaigh (ceanncheathrú) agus Baile Átha Cliath. I rith 2009, d'athraigh a cheanncheathrú i gCorcaigh go dtí oifig saintógtha i Machain, Co. Chorcaí. Tá an oifig réigiúnach lonnaithe i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

# 3 Aidhmeanna Straitéiseacha agus Mórghníomhartha

## 3.1 Aidhmeanna Straitéiseacha

I rith 2008, d'fhorbair agus ghlac an tÚdarás le Plean Corparáideach chun an tréimhse 2008 go 2010 a chuimsiú, ar aon dul leis an Acht Sláinte 2007. Ceadaíodh an plean seo ag an Aire Sláinte agus Leanaí agus chuimsigh sé príomhaidhmeanna straitéiseacha an Údaráis thar an tréimhse seo agus leag sé amach conas a bheartaigh an tÚdarás a n-acmhainní infhaighte a úsáid chun an Plean a sheachadadh.

Forbraíodh, glacadh agus cuireadh Plean Gnó do 2009 i bhfeidhm i rith na bliana. Leag sé amach cén gníomhaíochtaí a glacadh i 2009 chun sprioc-aidhmeanna sa Phlean Corparáideach a bhaint amach.

Tá Tuarascáil ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil do ghníomhaíochtaí go léir a ghlacadh i 2009 ar fheidhmiú aidhmeanna a leagadh amach sa Phlean Corparáideach (féach leathanach 21). Leagtar amach aidhmeanna straitéiseacha don tréimhse i dTábla 1 thall.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs timpeallacht eacnamaíoch athruithe in Éireann, agus chun dul i ngleic le dúshláin go réamhghníomhach a chuir seo i láthair, i rith 2009, rinne Bord an Údaráis cinneadh chun deireadh a chur leis an bPlean Corparáideach láithreach seo i mí na Nollag agus chun plean nua a thosú i 2010 chun léiriú níos oiriúnaí ar cad ba cheart don Údarás a dhíriú air chun tionchar is mó a dhéanamh sa timpeallach nua athraithe.

### Tábla 2: Aidhmeanna Straitéiseacha 2008 go 2010

| Aidhmeanna Straitéiseacha ó 2008 – 2010 |
|---|
| 1. Eagraíocht chumasach agus éifeachtach atá dea-rialaithe agus éifeachtúil a thógáil. |
| 2. Caighdeáin shoiléir atá dírithe ar dhaoine a fhorbairt chun feabhsaithe ardchaighdeáin trasna seirbhísí, ar aol dul le tosaíochtaí aitheanta. |
| 3. Monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh, nuair is gá agus oiriúnach, chun cáilíocht agus caighdeáin shábháilteachta a chur i bhfeidhm. |
| 4. Creatlach fhaisnéise chuimsitheach a sholáthar chun tacú le cúram sláinte agus sóisialta sábháilte agus éifeachtúil. |
| 5. Measúnaithe teicneolaíocht sláinte a léiríonn cinntithe infheistíochta atá sábháilte, éifeachtach agus a bhaineann luach amach a ghlacadh agus a thacú. |
| 6. Torthaí na hoibre go léir a rinne an tÚdarás a thuairisciú agus faisnéis shuntasach faoi chúram sláinte agus sóisialta a sholáthar don phobal ginearálta, úsáideoirí seirbhíse, proifisiúnaigh chúram sóisialta, lucht déanta beartas agus an Rialtas. |
| 7. Téigh i ngleic go héifeachtach le úsáideoirí seirbhíse, soláthróirí seirbhíse, lucht déanta beartas agus an Rialtas chun feabhsaithe inbhuanaithe inár seirbhísí sláinte agus cúram sláinte a thabhairt i gcrích. |

## 3.2 Achoimre Mhórghníomhartha ó 1 Eanáir go 21 Nollaig

Chuimsigh mórghníomhartha na bliana:

- Ag réiteach agus ag foilsiú na gCaighdeán Cáilíochta Náisiúnta deireanach do Shuíomhanna Cúraim Chónaithe do Dhaoine Aosta in Éirinn
- Ag foilsiú na gCaighdeán Cáilíochta Náisiúnta: Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Ag tosú clárú agus iniúchadh ionaid chónaithe do dhaoine aosta, tithe altrama san áireamh, ó 1 Iúil agus ag foilsiú tuarascálacha iniúchta
- Ag foilsiú Tuarascáil Iniúchta um Leanaí faoi Chúram 2008
- Ag críochnú agus ag foilsiú Tuarascála iniúchta ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí agus ag tacú le socraithe a sholáthraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Inis
- Ag réiteach agus ag foilsiú Caighdeán Náisiúnta um Chosc agus Smacht ar Ionfhabhtaithe bainteach leis an gCúram Sláinte
- Ag críochnú clár athbhreithniú cáilíochta ar an ocht n-ionad ailse ainmnithe do ghalar brollaigh siomptómach in aghaidh na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta um Ghalar Brollaigh Shiomptómach
- Ag críochnú agus foilsiú tuarascála ar Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) ar chlár daonra-bunaithe um scagthástáil ailse chalaireicteach agus ag soláthar comhairle don Aire Sláinte agus Leanaí
- Ag glacadh Tuarascála Measúnaithe de láimh ar úsáid achmhainní i gcláir dhaonna-bunaithe um scagthástáil ailse agus seirbhísí gaolmhara
- Ag déanamh taighde ar agus ag foilsiú Moltaí d'Aitheantóir Sláinte Uathúil do dhaoine in Éirinn agus ag soláthar comhairle don Áire Sláinte agus Leanaí

- Ag leanúint de ghealltanas athbhreithnithe caighdeán sláinteachas náisiúnta aonair in aghaidh Caighdeán Cáilíocht Náisiúnta na Seirbhisí Sláinteachais agus foilsiú torthaí tuarascálacha ar naoi n-ospidéal i rith na bliana
- Ag tionól ceardlann Shábhálann Obráidí Sábháilteachta Saolta i bpáirtíocht le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, mar chuid de thionscnamh Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- Ag cur ár gcuid oibre chun cinn mar ghníomhaíocht chomhordúcháin agus pointe teagmhála náisiúnta do Ghréasán Eorpach Um Shábháilteacht Othar, tionscadal pan-Eorpach chun sábháilteacht othar a chur chun cinn agus dea-chleachtas a aithint trasna 27 ballstáit an Aontais Eorpaigh
- Ag cur faoi bhráid Comhchoiste an Oireachtais um Sláinte agus Leanaí go minic maidir le obair an Údaráis
- Ag leanúint de feidhmiú earcaíochta agus infreastruchtúr oibríochtúil an Údaráis, foilsiú dhá thuarascáil sa bhreis san áireamh: Plean Gnó 2009 agus Tuarasáil Bliantúil 2009.

# 4 Gníomhaíocht ag Lucht Stiúrthóireachta

## 4.1 Cáilíocht agus Sábháilteacht Chúram Sláinte

### Cúlra

Faoin Acht Sláinte 2007, tá an tÚdarás freagrach as caighdeáin a fhorbairt, caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a mhonatóiriú sa seirbhísí sláinte agus iniúchadh a dhéanamh ar ábhair imní faoi sláinte agus leas úsáideoirí seirbhísí mar is gá. Tá Cigireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte freagrach as feabhsaithe i gcáilíocht agus sábháilteacht cúraim shláinte don Údarás a chur chun cinn ar son othar.

### 4.1.1 Achoimre Gníomhartha i rith 2009

I rith 2009, cuimsigh an obair maidir le cáilíocht agus sábháilteacht chúram sláinte na gníomhartha seo a leanas:

- Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Smacht ar Ionfhabhtaithe bainteach leis an gCúram Sláinte a lainseáil
- Clár athbhreithniú chaighdeán sláinteachas náisiúnta ar an ocht n-ionad ailse aitheanta do ghalar brollaigh shiomptómach a chríochnú le Caighdeáin Náisiúnta Dearbhú Cáilíochta do Ghalar Brollaigh Shiomptómach a chríochnú
- Comhlíonadh monatóirithe le Caighdeáin Cháilíocht Náisiúnta na Seirbhísí Sláinteachais san earnáil ospidéil ghéarmhíochaine
- Iniúchadh ar shocraithe cáilíochta agus sábháilteachta in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Inis a chríochnú
- Gafa le gníomhartha éagsúla chun feabhsaithe i gcáilíocht agus sábháilteacht a chur chun cinn.

### 4.1.2 Forbairt Táscaire Caighdeáin agus Feidhmiúcháin

#### Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Smacht ar Ionfhabhtaithe bainteach leis an gCúram Sláinte

Cruthaíonn Ionfhabhtaithe bainteach leis an gCúram Sláinte (ICS) dúshlán mór do sheirbhísí cúraim shláinte agus sóisialta. Is féidir galair níos dáiríre, cuairteanna faidréiseacha a theacht as na hionfhabhtaithe seo agus is féidir leo míchumas fadtéarmach a thabhairt. Tá ard-tionchar pearsanta aige siúd ar othair agus a dteaghlaigh agus ciallaíonn an t-ualach airgeadais bhreise ar sheirbhísí cúraim shláinte agus sóisialta go bhfuil laghdú agus cosc ICSeanna ina limistéar príomhthosaíochta don seirbhís sláinte agus an Údarás.

I mí Bealtaine 2009, lainseáil an tÚdarás Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Smacht ar Ionfhabhtaithe bainteach leis an gCúram Sláinte. Faomhadh na caighdeáin ag Bord an Údaráis agus ina dhiaidh sin tugtha mar údarás ag an Aire Sláinte agus Leanaí.




Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Smacht ar Ionfhabhtaithe bainteach leis an gCúram Sláinte.

Seasann na caighdeáin seo do chomhbhall criticiúil de thacú le riachtanas leanúnach chun ionfhabhtaithe bainteach leis an gcúram sláinte in Éirinn a chosc agus a smachtú. I ndiaidh na lainseála, d'iarr an tÚdarás ar na seirbhísí cúraim shláinte go léir anailís bearna a ghealladh maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta.

### Caighdeán Náisiúnta um Cháilíocht Chúraim Shláinte

Ar aon dul lena shainchúram reachtúil chun caighdeáin a fhorbairt, i 2009, thosaigh an tÚdarás próiseas chun Caighdeán Náisiúnta um Cháilíocht Chúram Sláinte a fhorbairt. Tá na caighdeáin dírithe ar cháilíocht agus sábháilteacht sheirbhísí cúraim shláinte a fheabhsú trí tuairisc a thabhairt ar cén saghas cáilíochta agus sábháilteachta ba chóir a bheith trasna seirbhísí go léir agus bunús a sholáthar do sholáthraithe chun iad féin, úsáideoirí seirbhíse agus gníomhaireachtaí airgeadais a chinntiú faoi cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí.

Tá caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a bheidh mar bhonn taca faoi chóras chun soláthraithe cúram sláinte san earnáil phoiblí agus phríobháideach a cheadúnú amach anseo, i measc na moltaí a rinneadh i dTuarascáil an Choimisiúin ar Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta (an Coimisiún), ar ghlac an Rialtas léi i mí Feabhra 2009.

Bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí struchtúr chun moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm. Tá an tÚdarás ag obair chun moltaí a chur i bhfeidhm maidir le caighdeáin a fhorbairt do chúram sláinte.

Tá tábhacht leis na caighdeáin seo toisc go mbeidh siad mar bhonn agus mar thaca ag forfheidhmiú roinnt príomhmholtaí, mar shampla, rialachas, ceadúnú agus imeachtaí díobhálacha a thuairisciú.

Tá Grúpa Comhairleach um Chaighdeáin bunaithe ag an Údarás chun comhairle a chur ar an Údarás, cabhrú le comhairliúchán agus malartú faisnéise agus comhairle a chur faoi chur i bhfeidhm caighdeán. Is éard atá sa ghrúpa ná raon de pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear úsáideoirí agus soláthraithe seirbhísí.

Bíonn an tÚdarás i dteagmháil rialta le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta mar chuid de phróiseas forbartha na gcaighdeán. Chomh maith leis seo, ghlac an tÚdarás páirt i bhfóraim de leithéid an Fhóraim Rialúcháin um Shláinte agus Cúram Sóisialta agus bhí cruinnithe leanúnacha aige le rialtóirí i ndlínsí eile, lena n-áirítear *The Regulation and Quality Improvement Authority* de chuid Thuaisceart Éireann agus *The Care Quality Commission i Sasana*.

### Táscairí do chúram éigeandála

Tá an tÚdarás tar éis glacadh le cur chuige breisíoch maidir le táscairí feidhmíochta do chúram éigeandála a fhorbairt.

Go dtí seo d'éirigh leis an bhfoireann tionscadail:

- Táscairí idirnáisiúnta do chúram éigeandála bunaithe ar fhianaise a anailísiú agus a mheasúnú
- Tuarascálacha agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le cúram éigeandála, agus go mór mór rannóga éigeandála, a mheasúnú agus a athbhreithniú
- Pléghrúpa ardleibhéil de pháirtithe leasmhara ríthábhachtacha a

éascú inar díríodh ar (a) an bhféadfaí táscairí feidhmíochta a úsáid agus (b) raon táscairí cliniciúla a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid go héifeachtach.

### 4.1.3 Monatóireacht a Dhéanamh ar Chomhlíonadh na gCaighdeán

#### Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinteachais

Lean an tÚdarás de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gCaighdeán Cáilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinteachais in 2009. Níor fógraíodh na measúnachtaí monatóireachta seo agus dhírigh siad go sonrach ar sholáthar seirbhísí ó lá go lá; ag díriú go háirithe ar ghlanachar, ar shláinteachas láimhe agus dramhaíol agus ar chleachtais bhainistithe i leith linéadaigh (Caighdeán 4 faoi Sholáthar Seirbhísí - is féidir sraith iomlán na gcaighdeán a fheiceáil ag www.hiqa.ie).

Tá an tÚdarás ag súil go bhfuil leibhéil chomhlíontachta níos mó ná 85% maidir leis na ceanglais bhunriachtanacha chun seirbhísí sláinteachais sábháilte, éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar mar atá leagtha amach sna Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinteachais ag gach ospidéal in Éirinn faoin bpointe seo.

Fuair an tÚdarás amach go raibh feabhas tar éis teacht ar roinnt ospidéal i gcomparáid le 2008, ach nár chomhlíon ospidéal ar bith a measúnaíodh in 2009 ceanglais Chaighdeán 4 faoi Sholáthar Seirbhísí ina n-iomláine.

Léiríodh go raibh imní ar dhaoine arís agus arís eile toisc nach raibh na ceanglais maidir le sláinteachas láimhe á gcomhlíonadh sna hospidéil.

#### Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta do Sheirbhísí Galar Siomptómach Cíche


Sheol an tÚdarás na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta do Sheirbhísí Galar Siomptómach Cíche i mí Bealtaine 2007 agus mhol sé do na hospidéil ar fad a bhfuil seirbhísí galar cíche á soláthar acu gur chóir dóibh a bheith ag comhlíonadh na gcaighdeán seo faoi dheireadh na bliana 2009.

D'fhógair an tÚdarás, i bhfómhar na bliana 2007, go raibh tús á chur acu leis an gClár Náisiúnta Athbhreithnithe Cáilíochta le fáil amach conas atá ospidéil a bhfuil seirbhísí um shioptóim galar cíche á soláthar acu ag comhlíonadh cheanglais na gcaighdeán.

Ba é an toradh a bhí air seo ná clár athbhreithnithe cáilíochta a raibh cúig

chéim i gceist leis thar thréimhse dhá bhliain, de réir mar a rinneadh seirbhísí a lárú sna hocht lárionaid ainmnithe agus de réir mar a rinne na lárionaid dul chun cinn maidir le bheith bunaithe go hiomlán.

Tá achoimre i bhFigiúr 1 ar an amlíne don Athbhreithniú Náisiúnta seo.




Figiúr 1: Clár Athbhreithnithe Cáilíochta an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ar Sheirbhísí Galar Siomptómach Cíche 2008-2010

Thug an tÚdarás aischothú eatramhach i bhfoirm moltaí leathana do gach aon cheann de na lárionaid ainmnithe i mí Eanáir 2009, tar éis na céime bailíochtaithe agus féinmheasúnaithe den athbhreithniú cáilíochta.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú cáilíochta ag gach aon cheann de na lárionaid ainmnithe (agus ag láthair chraoibhe amháin) i bhfómhar na bliana 2009. Dhá chéim a bhí san athbhreithniú cáilíochta. Sainaithníodh roinnt uirlisí agus próiseas chun faisnéis chomhsheasmhach, ábhartha agus iontaofa a chruthú mar bhonn taca faoi na torthaí ar gach céim. Foilseofar an tuarascáil iomlán ar an athbhreithniú go luath in 2010.

### 4.1.4 Foghlaim agus Sábháilteacht a Chur Chun Cinn

#### Contúirt do leas agus sláinte úsáideoirí na seirbhísí a iniúchadh

***Rinneadh iniúchadh ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí agus socruithe tacaíochta a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Láir, Inis.***

D'fhoilsigh an tÚdarás an Tuarascáil ar an iniúchadh ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí agus socruithe tacaíochta a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Láir, Inis i mí Aibreáin, 2009.

Cuireadh tús leis an iniúchadh toisc gur thug daoine muinteartha le beirt othar ábhair imní maidir le sábháilteacht othar ar aird. Tháinig othair eile agus daoine muinteartha leo chuig an Údarás le hábhair imní a nochtadh maidir lena gcúram san ospidéal ag tús an iniúchta.

Bhí taithí na dteaghlach ar fad a tháinig chun tosaigh mar threoir agus mar bhonn taca ag an iniúchadh. Cabhróidh a bhfuil déanta ag na teaghlaigh, trína dtaithí a roinnt, le hothair amach anseo agus beifear in ann seirbhísí níos sábháilte d'ardchaighdeán a chur ar fáil ag Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Láir (MWRH) Inis.

Fuarthas amach in iniúchadh an Údaráis nach mbeadh sé sábháilte an chumraíocht seirbhísí ag MWRH, Inis a choinneáil mar a bhí sí an tráth sin. Leagadh amach deiseanna suntasacha chun seirbhísí feiliúnacha ar ardchaighdeán a sholáthar ag MWRH, Inis amach anseo, ar an gcoinníoll go mbeadh aon seirbhísí sábháilte ar mhaithe leis an bpobal. Is féidir an tuarascáil iomlán á fháil ag www.hiqa.ie.

D'iarr an tÚdarás ar an HSE plean forfheidhmithe a dhéanamh ar mhaithe leis na 65 moladh a bhí sa Tuarascáil a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go sábháilte.

Tá an tÚdarás ag leanúint air ag obair leis an HSE chun seirbhísí sábháilte a chur chun cinn tríd na moltaí seo a chur i bfheidhm.

***Tuarascáil ar na cúinsí inar soláthraíodh cúram do Rebecca O'Malley, maidir leis an ngalar siomptómach cíche a bhí uirthi, na Seirbhísí Paiteolaíochta ag Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Seirbhísí Galar Siomptómach Cíche ag Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Láir, Luimneach.***

***Tuarascáil ar an iniúchadh ar sholáthar seirbhísí don Iníon A ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh maidir leis an ngalar siomptómach cíche a bhí uirthi, agus soláthar Seirbhísí Galar Siomptómach Cíche agus Paiteolaíochta ag an bhFeidmeannacht ag an Ospidéal.***

Lean an tÚdarás de chruinnithe a bheith aige leis an HSE in 2009, le cinntiú go raibh na moltaí, sa dá iniúchadh a tugadh chun críche in 2008, fós á gcur i bhfeidhm.

## Freagairt d'eolas ar leas agus sláinte úsáideoirí na seirbhísí

### Nochtadh cosanta

Tháinig nochtadh cosanta i bhfeidhm, le hachtachán an ailt lena mbaineann den Acht Sláinte 2007, ar an 1 Márta 2009 - Cuid 9a den Acht Sláinte 2004 (arna chur isteach le Cuid 14 den Acht Sláinte 2007). Sholáthraigh sé seo cosaint dhlíthiúil de leibhéil nua do sceithirí sna seirbhísí sláinte agus sóisialta. Is féidir, in imthosca áirithe, nochtadh a dhéanamh do chomhlachachtaí áirithe – lena n-áirítear an tÚdarás - agus do dhaoine maidir le caighdeáin sábháilteachta nó cáilíochta na seirbhísí sláinte agus sóisialta, nochtadh a bheidh cáilithe mar "nochtadh cosanta".

### Daoine a bhfuil imní orthu faoin tseirbhís sláinte


Níl ról follasach ó thaobh freagairt d'ábhair imní ná gearáin sainaitheanta don Údarás san Acht Sláinte 2007. Ach breathnaíonn an tÚdarás, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, ar an bhfaisnéis ar fad a fhaigheann sé ina dtugtar ábhair imní ar aird faoi chontúirt do shláinte nó leas duine atá ag fáil seirbhísí cúram sláinte arna sholáthar i gcomhair, nó thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Úsáidtear an fhaisnéis seo chun cáilíocht agus sábháilteacht do phobal na hÉireann a chur chun cinn agus a mholadh.

Fuair an an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte 61 píosa faisnéise in 2009 inar tugadh ábhair imní ar aird faoi chontúirt do shláinte nó leas duine ag fáil seirbhísí cúram sláinte arna soláthar i gcomhair, nó thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá an fhaisnéis seo mar threoir ag ár ngníomhaíochtaí monatóireachta agus dearbhaithe cáilíochta agus ag deireadh an lae spreagtar cúram níos fearr dá barr. tá aicmiú na n-ábhar a cuimsíodh sna hábhair imní a tugadh ar aird an Údaráis leagtha amach i dTábla 3.

## Faisnéis de réir Aicmiúcháin na Stiúrthóireachta um Cháilíocht agus Sábháilteacht sa Chúram Sláinte




## Tábla 3: Aicmiú na n-ábhar a cuimsíodh sna hábhair imní a tugadh ar aird an Údaráis

| Freagairt an Údaráis don fhaisnéis | |
|---|---|
| **A bheith mar threoir ag na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta agus Sábháilteachta** | 39 |
| **A bheith mar threoir ag an Athbhreithniú ar Ghalar Siomptómach Cíche** | 7 |
| **A bheith mar threoir ag an Athbhreithniú ar Sheirbhísí Sláinteachais** | 7 |
| **Dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhísí ionas go ndeimhneoidís go raibh na contúirtí do shláinte agus leas na ndaoine ag fáil seirbhísí á mbainistiú** | 5 |
| **Iniúchadh Alt 9*** <br> * mar a leagtar amach faoi alt 9 (1), (2), (3) den Acht Sláinte 2007 | 0 |
| **Iomlán** | **58** |
| **Seirbhísí lasmuigh de shainchúram an Údaráis** | 3 |

## Tionscnaimh Shábháilteachta Othar

### European Network for Patient Safety (EUNetPaS)

Is ionann an tÚdarás agus Gníomhaireacht chomhordúcháin na hÉireann agus pointe teagmhála náisiúnta do EUNetPaS, tionscadal uile-Eorpach ar mhaithe le sábháilteacht othar a chur chun cinn agus dea-chleachtas a shainaithint thar 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh (AE). Tá baint ag an Údarás, mar an ngíomhaireacht chomhordúcháin, le roinnt clár oibre de chuid an tionscadail, le n-áirítear sábháilteacht chógas agus oideachas agus oiliúint. Thug an tÚdarás cuireadh chun spéis a nochtadh d'ospidéil agus eagraíochtaí cúram sláinte eile de chuid na hÉireann ar mhian leo dea-chleachtais a roinnt agus a fheidhmiú ar bhonn trialach chun earráidí cógas a laghdú.

Chláraigh ceithre cinn déag d'ospidéil phoiblí chun roinnt tionscnamh a fheidhmiú ar bhonn trialach. An tionscnamh trialach ba mhó a raibh tóir ag na hospidéil rannpháirteacha air ná an tionscnamh - 'An Veist Sábháilteachta'. Chaithfeadh altraí an 'An Veist Sábháilteachta' a raibh na focail Do not Disturb ar an droim agus cógais á riar acu, ionas go ndéanfaí a laghad cur isteach orthu a fhágann go mbíonn sé deacair díriú ar an obair atá ar bun agus a chuireann leis an mbaol earráidí cógas a dhéanamh.

Chabhraigh an tÚdarás leis an Treoir Ghinearálta maidir le hOideachas agus Oiliúint i Sábháilteacht Othar a fhorbairt mar chuid den tionscadal oideachais agus oiliúna.

### Fóram Sábháilteachta Cógas

Lean an tÚdarás den fhóram náisiúnta Sábháilteachta Cógas a éascú. I measc bhaill an fhóraim tá; úsáideoir seirbhísí, ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ó Aontas Cógaisíochta na hÉireann, ó Chumann Cógaiseoirí na hÉireann, ó Bhord Leigheasra na hÉireann, ón HSE agus páirtithe leasmhara eile. Bunaíodh an Fóram seo chun deiseanna a chur ar fáil chun tosaíochtaí náisiúnta sábháilteachta cógas a shainaithint a bheidh mar bhonn taca faoi fheachtais náisiúnta ilghníomhaireachtaí um shábháilteacht chógas. D'iarr Grúpa Stiúrtha an Choimisiúin ar Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta go mbeadh sé faoi chúram an Fhóraim moltaí an Choimisiúin ar shábháilteacht chógas a sheoladh in 2010.




Sa ghrianghraf a tógadh ag "Safe Surgery Saves Lives" tá: Líne chúil (C-D): Kieran Ryan, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn; an Dr Ailis Quinlan, Scéim Slánaíochta Cliniciúla; Hannah Kent, Ospidéil Ollscoil na Gaillimhe; an Dr Deirdre Mulholland, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Líne tosaigh (C-D): an tOllamh Oscar Traynor, Ospidéal Ollscoile Uinsinn; an Dr Deirdre McCoy, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn; an Dr. Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; an tOllamh Frank Keane, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

## Sábhálann Máinliacht Shlán Daoine

Mar chuid den tionscnamh "Sábhálann Máinliacht Shlán Daoine" de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), a sheol an tAire Sláinte agus Leanaí in Éirinn i 2008, d'óstáil an tÚdarás, i gcomhar le Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn, ceardlann de chuid cláir "Sábhálann Máinliacht Shlán Daoine" i Meitheamh 2009. D'fhreastal níos mó ná 200 toscaire ar an gceardlann ag ar thug cliniceoirí cuntais ar thionchair, buntáistí agus dúshláin a bhí ag an Seicliosta Sábháilteachta Máinliachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar a n-eagraíochtaí féin.

## Comhdháil an European Partnership for Supervisory Organisations (EPSO) in Health Services and Social Care

Bhí an 7ú Comhdháil EPSO ar siúl i gCorcaigh i mí Bealtaine arna reáchtáil ag an Údarás i gcomhar le Cigireacht um Chúram Sláinte na hÍsiltíre. Mealladh raon leathan de thoscairí idirnáisiúnta chuig an gcomhdháil, agus i measc na bpríomhthéamaí bhí:

- Taighde ar éifeachtaí na maoirseachta
- An ghéarchéim airgeadais agus an tionchar atá aici ar mhaoirseacht i gcúram sláinte
- Treoir ón Aontas Eorpach (dréacht) maidir le Cúram Sláinte Trasteorann agus cearta na n-othar.

Tá sé mar aidhm ag EPSO cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú (sa Chomhphobal Eorpach lena n-áirítear tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (EFTA)) tríd na rudaí seo a leanas a fheabhsú; malartú faisnéise foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, ceachta ó dhea-chleachtais agus droch-chleachtais, torthaí taighde, cur chun cinn an chomhoibrithe maidir le téarmaí ar leith de chúram sláinte, oideachas agus scaipeadh eolais agus bealaí eile le naisc a chruthú idir na heagraíochtaí maoirseachta agus na heagraíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu le rialú cáilíochta ar sheirbhísí sláinte chomh maith le baill ar leith a nascadh i dtíortha éagsúla d’fhonn malartú smaointe agus dea-chleachtas maidir le cúram sláinte a fheabhsú.

## 4.2 Tuarascáil ó Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta / ón gCigireacht Seirbhísí Sóisialta

### Cúlra

Is éard atá i gCigireacht Seirbhísí Sóisialta (SSI) an Údaráis ná rialtóir neamhspleách na lárionad sainithe do dhaoine scothaosta (seirbhísí cónaithe) in Éirinn. Déanann an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta, tríd a ghníomhaíochtaí, measúnú neamhspleách ar lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus ar sheirbhísí atá á soláthar le cinntiú go bhfuil teacht orthu, go bhfuil siad bainistithe go maith agus go gcomhlíonann siad ceanglais reachtúla arna bhforordú san Acht Sláinte 2007, sna Rialacháin um an Acht Sláinte 2007(Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009 agus sna Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Leas agus Cúram Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 agus sna caighdeáin is gá.



Doiciméid a táirgeadh chun tús a chur le suímh chúraim do dhaoine scothaosta in Éirinn a chlárú agus a iniúchadh.

Déanann SSI iniúchadh ar lárionaid chónaithe do leanaí agus ar aonaid chúraim speisialta ar fud na hÉireann atá faoi stiúir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). Déanann an tÚdarás iniúchadh freisin ar sheirbhísí cúram altrama faoi stiúir an HSE agus eagraíochtaí príobháideacha. Déantar an t-iniúchadh ar sheirbhísí do leanaí faoi chúram faoi alt 69 den Acht um Chúram Leanaí 1991. Cuimsíonn an t-iniúchadh ar sheirbhísí do leanaí faoi chúram iniúchadh ar fheidhmeanna reachtúla an HSE faoin Acht um Chúram Leanaí 1991, lena n-áirítear oibrí sóisialta a leithdháileadh ar gach leanbh, pleanáil cúraim, cúram ina ullmhaítear chun fágáil agus iarchúram. Tuairiscítear torthaí ón iniúchadh ar fheidhm an HSE díreach don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige mar a fhorordaítear sa reachtaíocht.

Tarmligeadh feidhmeanna aire in Acht na Leanaí, 2001 faoin Ordú Dlí agus Cirt,Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) 2008, chun an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ina ról mar Aire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Cheap an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta laistigh den Údarás, agus d'ainmnigh sé cigirí le feidhmiú mar dhaoine údaraithe faoi alt 185 d'Acht na Leanaí 2001, le hiniúchtaí a dhéanamh ar scoileanna coinneála do leanaí. Rinne SSI iniúchadh ar scoileanna coinneála in 2009.




Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta maidir le Suímh Chúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn.

### 4.2.1 4.2.1 Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Le Linn 2009

Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid d'obair SSI e linn 2009:

- Tús a chur le lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta a chlárú agus a iniúchadh i mí Iúil 2009
- Na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta maidir le Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhoilsiú
- Na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta maidir le Seirbhísí Cónaithe agus Cúram Altrama do Leanaí agus do Dhaoine Óga a dhréachtú
- Leanúint den iniúchadh ar sheirbhísí cúraim chónaithe do leanaí, ar scoileanna coinneála do leanaí agus ar sheirbhísí cúram altrama
- Cur i láthair a dhéanamh ag roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 4.2.2 4.2.2 Tús a chur le Lárionaid Ainmnithe (Lárionaid Chónaithe) do Dhaoine Scothaosta a Chlárú agus a Iniúchadh

Bhí obair straitéiseach agus oibríochtúil SSI dírithe ar roinnt tionscadal sa chéad sé mhí de 2009: ullmhú chun caighdeáin a fhorbairt maidir le seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus seirbhísí do leanaí, seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta a chlárú agus a iniúchadh mar a fhorordaítear faoin Acht Sláinte 2007, ar cuireadh tús leis ar an 1 Iúil 2009, agus ag an am céanna leanúint leis an iniúchadh ar scoileanna coinneála do leanaí, ar lárionaid chónaithe do leanaí agus ar sheirbhísí cúram altrama.

Rinneadh roinnt ceapachán ríthábhachtach in 2009 le cinntiú go mbeadh an chigireacht do dhaoine scothaosta in ann a cuid oibre a chur i gcrích. Áiríodh air seo 42 cigire a ceapadh chun na foirne cigireachta náisiúnta. Dhírigh obair na gcigirí nuacheaptha ar sheirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta a chlárú agus a iniúchadh ón 1 Iúil 2009 i leith. Earcaíodh cigirí i dtrí ghrúpa de réir a chéile. Fuair gach grúpa ionduchtú seachtaine agus oiliúint trí seachtaine roimh thús a chur le hobair iniúchta sheachtrach.

Forordaítear faoin Acht Sláinte 2007 go gclárófar lárionaid ainmnithe gach trí bliana. Meicníochtaí riachtanacha iad rialú agus iniúchadh d'fhonn cinntiú go bhfaigheann cónaitheoirí i lárionaid ainmnithe seirbhísí atá oiriúnach don fheidhm agus a thagann le caighdeán inghlactha cáilíochta agus sábháilteachta. Caithfidh gach soláthraí seirbhísí atá faoi réir an chórais rialúchán ceanglais a chomhlíonadh a léiríonn go bhfuil taithí chuí agus cáilíochtaí cuí ag soláthraithe agus meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta atá iontaofa á n-úsáid. Is éard atá i gceist le córas rialúchán sásúil ná iontráil a rialú, cinntiú go bhfuil ceanglais agus caighdeáin rialúcháin á gcomhlíonadh agus beart a dhéanamh i gcás go bhfuil meath ag teacht ar chaighdeáin nó i gcás nach leor iad. I measc na mbeart a dhéanann SSI tá; coinníollacha clárúcháin a athrú chun inniúlacht an tsoláthraí a léiriú nó cealú nuair is gá nó nuair is cuí. Tá an gá le leas na gcónaitheoirí agus úsáideoirí seirbhísí a chosaint ríthábhachtach i gcás cúraim shóisialta, toisc go bhfuil na cliaint an-leochaileach.

Feidhmíonn SSI mar chigireacht náisiúnta. Aidhm na cigireachta náisiúnta ná cur chuige comhsheasmhach ar aon réim a chinntiú maidir le lárionaid ainmnithe ar fud na tíre a rialú agus a iniúchadh.

Caithfidh an córas a bheith in ann dul in oiriúint de réir mar a thagann saincheisteanna aníos agus a athraíonn cúinsí. Díríonn iarrachtaí rialúcháin agus iniúchta SSI ar thorthaí le haghaidh cónaitheoirí i lárionaid ainmnithe ina mbíonn iniúchtaí dírithe ar chónaitheoirí agus ina leagtar béim mhór ar thuairimí lucht úsáidte na seirbhísí.

Déantar seirbhísí a rialú trí raon gníomhaíochtaí. Is é cuspóir an iniúchta ná fianaise a bhailiú ar a ndéanfar breithiúnais maidir le hoiriúnacht an tsoláthraí chláraithe agus tuairisciú ar cháilíocht na seirbhísí atá á soláthar.




Póstaer do chónaitheoirí agus do ghaolta ar an bpróiseas neamhspleách iniúchta.

Is éard a dhéanfaidh SSI mar chuid den phróiseas iniúchta ná:

- Cinntiú go bhfuil soláthraithe ag comhlíonadh na gceanglas agus na gcoinníollacha faoinar chláraigh siad agus go bhfuil siad de réir na gcaigdeán
- Cinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm ag soláthraithe chun leas úsáideoirí na seirbhísí a chosaint
- Eolas agus fianaise ar dhea-chleachtas agus ar dhroch-chleachtas a sholáthar.

Tháirg an tÚdarás sraith doiciméad le cinntiú go mbeadh an t-eolas ar fad is gá ag na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an bhfeidhm seo.

Ina measc bhí:

1. Paca soláthraí chun soláthraithe seirbhíse a chur ar an eolas faoi phróisis chláraithe agus iniúchta, Clár Iontrála an Duine Oiriúnaigh agus fógraí éigeantacha a chaithfear a thabhairt do Chigireacht Seirbhísí Sóisialta an Údaráis.
2. Paca clárúcháin mionsonraithe i gcomhar clárú seirbhísí do dhaoine scothaosta.

3. Eolas agus doiciméid do chigirí i gcomhair seirbhísí do dhaoine scothaosta a iniúchadh.
4. Eolas do chónaitheoirí, dá dteaghlaigh agus don phobal.

Cuireadh na doiciméid ábhartha ar fad, lena n-áirítear pacaí eolais agus foirmeacha d'fhógra a thabhairt mar aon le ceisteanna coitianta ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis (www.hiqa.ie) chun soláthraithe agus an pobal trí chéile a chur ar an eolas faoi chlárú agus iniúchadh seirbhísí do dhaoine scothaosta.

## Seónna bóthair náisiúnta

Reáchtáladh seónna bóthair go náisiúnta i mBaile Átha Cliath, Cill Chainnigh , Baile Átha Luain, Sligeach agus Corcaigh chun na páirtithe leasmhara go léir a chur ar an eolas faoin bpróiseas rialúcháin nua. Thug foireann SSI cur i láthair ar an bpróiseas rialúcháin nua ag gach seó bóthair agus tugadh deis do pháirtithe leasmhara ceisteanna a chur ag deireadh gach seisiúin.

## Treoirthionsadal iniúchta

Cuireadh treoirthionscadal i gcrích sular cuireadh tús le seirbhísí cúraim chónaithe do dhaoine scothaosta a chlárú agus a iniúchadh ar an 1 Iúil 2009. Ba é an cuspóir a bhí ag an treoirthionscadal seo ná an mhodheolaíocht, na córais, na próisis agus na doiciméid nua clárúcháin agus iniúchta a thástáil i gcás roinnt seirbhísí cúraim chónaithe.

Áiríodh ar na seirbhísí cónaithe a bhí mar chuid den treoirthionscadal lárionaid i ngach cearn den tír, soláthraithe seirbhíse de mhéideanna agus de chineálacha éagsúla (poiblí, príobháideach agus deonach).

De bharr phróiseas an treoirthionsadail, bhí deis ag SSI:

1. Próisis agus doiciméid nua chlárúcháin agus iniúchta a thástáil.
2. Aischothú a fháil maidir le próisis chlárúcháin agus iniúchta.
3. Saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint roimh thús a chur le clárú agus iniúchadh ar an 1 Iúil 2009.
4. Leasuithe is gá a dhéanamh ar mhodheolaíocht, córais, próisis agus ar dhoiciméid roimh na próisis bheo chlárúcháin agus iniúchta a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Córais Faisnéise

Forbraíodh Córas Tacaíochta Rialúcháin (RSS) eatramhach chun tacú le foireann iniúchta na ndaoine scothaosta agus tá obair ag dul ar aghaidh sa réimse seo le cinntiú go gcomhlíonfaidh an RSS riachtanais na Cigireachta.

## Líne Chomhairle Thiomnaithe

Cuireadh líne theileafóin chomhairle thiomnaithe ar bun i gCeannoifig an Údaráis i gCorcaigh le freagairt d'fhiosruithe ar bith. Bhí glaoiteoirí in ann na hábhair imní a bhí acu maidir le seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta a thabhairt ar aird an Údaráis ar an líne chomhairle seo. Cuireadh áis r-phoist (concerns@hiqa.ie) ar fáil freisin chun aird SSI a dhíriú ar ábhair imní. Rinneadh na hábhair imní ar fad a fuair an tÚdarás in 2009 a logáil, freagraíodh dóibh nuair ba ghá agus rinneadh monatóireacht orthu.

## Ábhair Imní

D'fhreastail Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ar ábhair imní agus gearáin i suímh chúraim chónaithe do dhaoine scothaosta roimh an1 Iúil 2009. Chuir an HSE sonraí ar fáil do SSI faoi ábhair imní agus gearáin maidir le lárionaid chúraim chónaithe sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha ar an 1 Iúil 2009. Rinne SSI an t-eolas sin ar fad a fuarthas ón HSE a mheasúnú agus a ghrádú ó thaobh riosca.

Tá sé mar choinníoll sna Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Leas agus Cúram Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 (Airteagal 39) agus i gCaighdeán 6 de na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta maidir le Suímh Chúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn go mbeidh próiseas gearán agus nós imeachta chun déileáil le gearáin i bhfeidhm ag na seirbhísí ar fad a sholáthraíonn seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta. Is é an sainmhíniú atá ar ghearán ná léiriú míshástachta faoi sheirbhís a éilíonn freagairt. Fad agus nach bhfuil an chumhacht ag SSI iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin ar leith, glacaimid ábhair imní ó dhaoine den phobal agus tugaimid chun críche iad mar is cuí.

Féadfaidh imní a bheith ar an Údarás faoi eolas a chuirtear in iúl do SSI faoi lárionad ainmnithe má léiríonn sé go bhfuil sláinte agus leas na gcónaitheoirí i mbaol. Baintear feidhm as an téarma 'ábhar imní' le tagairt don eolas ar fad a fhaigheann SSI faoi shláinte nó faoi leas cónaitheora i lárionad ainmnithe. Féadfaidh na daoine a chuireann ábhair imní in

iúl teagmháil dhíreach nó neamhdhíreach a bheith acu leis an lárionad ainmnithe, bíodh siad ina nduine a chónaíonn sa lárionad (cónaitheoir) , ina gcuairteoir, ina ngaol, ina mball foirne, ina bpléadálaí nó ina dtríú páirtí a bhfuil teagmháil dhíreach acu le cónaitheoir.

Féadfaidh cónaitheoirí nó gaolta, baill foirne agus daoine den phobal a bheith ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leis an Údarás ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear:

- Mura bhfuil siad sásta leis an gcaoi inar ghlac an soláthraí le gearán nó inar dhéileáil sé leis.
- Más dóigh leo nárbh fhéidir leo an t-ábhar imní a chur in iúl don soláthraí toisc go mbaineann an t-ábhar imní le gníomhartha nó easpa gníomhartha an tsoláthraí.
- Déileálann Oifig Ábhair Imní SSI le hábhair imní maidir le lárionaid ainmnithe.

Tá forálacha an Achta Sláinte 2007 agus na Rialachán um an Acht Sláinte 2007 (Leas agus Cúram Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 mar threoir ag próiseas na n-ábhar imní. Cuireann SSI fáilte roimh eolas ar aon lárionad ainmnithe ar mhaithe le leas an pobail. Nuair a chuirtear ábhair imní in iúl, déantar measúnú ríchúramach orthu chun a mheasúnú an léiríonn an t-eolas nach bhfuil an tAcht Sláinte 2007 agus na Rialacháin a rinneadh faoin Acht á gcomhlíonadh.


Cinnfidh an SSI ansin, bunaithe ar an measúnú seo, cén beart, más aon cheann é, a bhfuil gá leis chun daoine ina gcónaí i suímh chúraim chónaithe a chosaint. Oibríonn SSI, go bunúsach, le cinntiú go bhfuil na daoine ar fad a úsáideann seirbhís sábháilte agus go gcomhlíonann na soláthraithe a bhfreagrachtaí dlíthúla maidir leis seo.

Mura bhfuil ábhar imní faoi shainchúram SSI, de leithéid ábhar imní maidir le cistiú, cuirfidh an chigireacht comhairle orthu faoi na gníomhaireachtaí a d'fhéadfadh a bheith níos feiliúnaí ó thaobh teagmháil a dhéanamh leo.

Fuair SSI 252 ábhar imní maidir le lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta le linn 2009. Fuarthas seacht n-ábhar imní sa tréimhse idir in 1 Eanáir 2009 go dtí an 1 Iúil 2009. Fuarthas an 245 ábhar imní eile idir an 1 Iúil 2009 agus an 31 Nollaig 2009 agus bhain siad le155 lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta.

Leagtar béim sna figiúirí thíos i bhFigiúr 2 ar conas a rinneadh grádú riosca ar na hábhair imní a fuarthas le linn na bliana 2009.

### Figiúr 2: Grádú riosca ar ábhair imní a fuarthas ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009




Bhí 69% de na hábhair imní maidir le lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta tugtha chun críche agus bhíothas fós ag plé leis an 31% eile faoi dheireadh na bliana 2009. Déanann SSI iniúchadh freisin ar lárionaid chónaithe do leanaí, scoileanna coinneála agus seirbhísí cúram altrama reachtúla. Déantar iniúchtaí ag féachaint do chaighdeáin agus rialacháin ábhartha a d'fhorbair an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Tá an tAcht um Chúram Leanaí 1991, Tús Áite do Leanaí: na Treoirlínte Náisiúnta maidir le Cosaint Leanaí agus na caighdeáin mar threoir ag an bpróiseas ábhair imní do leanaí. Tuairiscíodh 19 n-ábhar imní do SSI in 2009 maidir le Seirbhísí do Leanaí. Tugadh na hábhair imní ar fad chun críche go sásúil. Níl seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas á rialú ná á n-iniúchadh ag SSI faoi láthair. Fuair SSI ceithre ábhar imní maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2009. Tugadh na hábhair imní ar fad i ndáil le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2009 chun críche go sásúil.

## Cumarsáid

Sular cuireadh rialúchán na seirbhísí do dhaoine breacaosta i bhfeidhm, d'óstáil an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta roinnt cruinnithe in éineacht le bainisteoirí agus úinéirí tithe altranais chun iad a chur ar an eolas faoin bpróiseas nua rialúcháin agus chun ceisteanna agus ábhair is cúram dóibh a fhreagairt. Tugadh na cruinnithe seo chun críche nuair a thosaigh an próiseas nua rialúcháin ar 1 Iúil 2009.

Tar éis rialúchán na seirbhísí do dhaoine breacaosta a chur i bhfeidhm, bunaíodh Grúpa Seachtrach Tagartha ar a rinneadh ionadaíocht d'eagraíochtaí seachtracha san earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach. Bunaíodh an grúpa seo chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas rialúcháin agus chun deis a thabhairt dóibh ceisteanna agus ábhair is cúram dóibh a ardú. Bhuail an Grúpa Seachtrach le chéile i mí na Samhna 2009 don chéad uair agus buailfidh siad le chéile ar bhonn ráithiúil le linn 2010.

### 4.2.3 Caighdeáin a Fhorbairt

#### Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta i dtaobh Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ghlac Bord an Údaráis le Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta Cáilíochta i dtaobh Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus foilsíodh iad i mBealtaine 2009.




Treoirleabhar Saoráideach don Phobal maidir le Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta: Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.


#### Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta Cáilíochta i dtaobh Seirbhísí Cúraim Chónaithe agus Altrama do Leanaí agus Daoine Óga

Cuireadh Grúpa Comhairleach Caighdeán ar bun chun caighdeáin náisiúnta cáilíochta i dtaobh leanaí agus daoine óga a dhréachtú. Bhí 28 ball sa grúpa, triúir daoine óga a d'úsáid na seirbhísí, chomh maith le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

agus Cumann na hÉireann um Dhaoine Óga faoi Chúram (IAYPIC), Oifig an Ombudsman do Leanaí, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Barnardos, Fócas Éireann, Cumann na mBainisteoirí Cónaithe, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha, Cumann na hÉireann um Oibrithe Sóisialta, Cumann Cúram Altrama na hÉireann, Cumann na nGnólachtaí Seachbhrabúsacha, Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann agus Cuimsiú Éireann.

Clúdaítear seirbhísí cosúil le seirbhísí cúraim chónaithe do leanaí agus daoine óga (seirbhísí do leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas san áireamh), seirbhísí cúraim altrama agus scoileanna coinneála do leanaí.

I measc na gcritéar agus na dtorthaí, tá cáilíocht beatha na leanaí agus daoine óga, cearta na leanaí agus daoine óga, leanaí agus daoine óga a chosaint, soláthar foirne, sláinte, oideachas agus forás pearsanta, agus rialachas agus bainistíocht ann.


Everybody living in a residential service

Is allowed to make choices about their life

Has power over what they do in their life

Has privacy

Is treated with respect

Has a say in how they spend their day

Is supported to have personal relationships

‡Sliocht ón Treoirleabhar Saoráideach don Phobal maidir le Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta: Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.



‡ The Picture Communications Symbols © 1981-2008 Mayer-Johnson LLC. Gach ceart ar cosaint ar fud an Domhain. Úsáidte le cead. Is trádmharc de chuid Mayer-Johnson LLC é Boardmaker TM. Mayer-Johnson LLC P.O. Box 1579 Solana Beach, CA 92075 SAM Fón:858-550-0084 Facs: 585-550-0449 Ríomhphost: mayerj@mayer-johnson.com Suíomh Idirlín: www.mayer-johnson.com

### 4.2.4 Gníomhaíochtaí Cigireachta agus Tuairiscithe

#### Leanaí a Chosaint

Leanadh ar aghaidh le cigireacht na seirbhísí do leanaí faoi réir forálacha an Achta um Chúram Leanaí, 1991. Dhírigh na seirbhísí do leanaí ar chigireacht seirbhísí cónaithe ach ag leanúint ar aghaidh le cigireacht na seirbhísí cúraim altrama agus scoileanna coinneála ag an am céanna. Ba é an príomhaidhm ná cáilíocht chúraim do leanaí faoi chúram a fheabhsú agus éisteacht lena dtuairimí maidir leis na cinntí a bhaineann lena saol laethúil.

Foilsíodh 62 tuairisc chigireachta na seirbhísí leanaí i rith 2009 agus tá siad ar fad le fáil ar suíomh Idirlín an Údaráis (tá líon níos lú tuairiscí a bhaineann leis an tréimhse idir Eanáir 2009 agus Nollaig 2009 ná líon na gcigireachtaí a rinneadh le linn na tréimhse céanna toisc go bhfuil obair fós ar siúl ar na tuairiscí).

Cuireadh tús le cigireacht ar chúram altrama sna trí limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mBaile Átha Cliath in Iúil 2009. D'aibhsigh réamheolas a fuarthas ó sheirbhísí cúraim altrama Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh cigireacht mhionsonraithe ag teastáil sna limistéir seo. Rinneadh obair allamuigh na cigireachta sa ráithe dheireanach i 2009 agus bhí go leor acmhainní cigireachta riachtanach chun an obair seo a chur chun críche. Beidh an tuairisc ar an obair seo ar fáil i 2010. Leagtar amach sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí cigireachta i dtaobh seirbhísí do leanaí i dtábla 4 thíos.



Grianghraf den Dochtúir Marion Witton, Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, ag seoladh na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta i dtaobh Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tábla 4: Líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh ó 1 Eanáir 2009 go dtí 31 Nollaig 2009 i dtaobh Seirbhísí Leanaí

| Cineál | Poiblí Fógartha | Poiblí Neamhfhógartha | TOTAL |
|---|---|---|---|
| **Scoileanna Coinneála Ógánach** | 2 | - | 2 |
| **Aonaid Shainchúraim** | 2 | 2 | 4 |
| **Ionaid Chónaithe Phobail do Leanaí** | 20 | 19 | 39 |
| **Cúram Altrama** | - | 7 | 7 |
| **Athiniúchadh** | - | - | 40 |
| **IOMLÁN** | | | 92 |

D'athbhreithnigh an *Tuarascáil Náisiúnta Maidir le hCigireacht Leanaí faoi Chúram 2008* ar chinntí a rinneadh de bharr na 38 cigireacht a rinne an tÚdarás ar ionaid chúraim cónaithe do leanaí a bhí curtha ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí cúraim altrama a bhí curtha ar fáil i réigiún Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i rith 2008.

Tugadh an Leas-Phríomhchigire ar iasacht don Roinn Sláinte agus Leanaí ar feadh sé seachtaine tar éis fhoilsiú Thuarascáil an Choimisiúin chun Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú, 2009 (Thuarascáil Uí Riain) chun cúnamh a thabhairt don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i leith phlean gníomhaithe Thuarascáil Uí Riain a ullmhú.

### Seandaoine a Chosaint

Thosaigh clárú agus cigireacht seirbhísí do sheandaoine ar 1 Iúil 2009 faoi réir fhorálacha an Achta Sláinte, 2007. Leagtar amach sonraí maidir le gníomhaíochtaí cigireachta i seirbhísí do sheandaoine i dTábla 5. Foilsíodh 53 tuairisc cigireachta i dtaobh suíomhanna cúraim cónaithe do sheandaoine ar shuíomh Gréasáin an Údaráis (tá líon níos lú tuairiscí cigireachta le

haghaidh na tréimhse idir Eanáir 2009 agus Nollaig 2009 ná líon na n-iniúchtaí a rinneadh le linn na tréimhse céanna de bharr go bhfuil na cásanna fós á scrúdú agus tá obair fós ar siúl ar na tuairiscí a bhaineann leo).

Cuireadh béim láidir ar fhothorthaí do chónaitheoirí i dtuairiscí cigireachta an Údaráis, agus tá ceisteanna maidir le cáilíocht na beatha i gcroílár thorthaí na gcigireachtaí. D'fheabhsaigh tuairiscí cigireachta feasacht ar chleachtas reatha i suíomhanna cúraim cónaithe do sheandaoine agus tá ionchais úra ag an bpobal faoin eispéireas do sheandaoine atá faoi chúram cónaithe.

Caithfidh ionaid chónaithe ceistneoir dearbhaithe cáilíochta a chríochnú tar éis na cigireachta. Bhí soláthróirí cláraithe agus daoine i gceannas sásta go raibh na cigireachtaí reáchtáilte i slí mhaith, den chuid is mó. Dúradh gur míníodh sprioc agus próiseas an chigireacht go maith i rith na cuairte cigireachta. D'aontaigh soláthróirí, den chuid is mó, gur tugadh go leor ama chun a seirbhís a chur in iúl go hiomlán. Dúirt páirtithe leasmhara, chomh maith, go raibh cigirí cúirtéiseach leis na cónaitheoirí agus leis an bhfoireann, go raibh meas acu ar phríobháideachas agus dínit na gcónaitheoirí, go raibh siad sásta labhairt leis an bhfoireann, le cónaitheoirí agus le muintir na gcónaitheoirí, agus gur chuir siad a gcinntí in iúl go soiléir.

### Tábla 5: Líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh ó 1 Eanáir 2009 go dtí 31 Nollaig 2009 i dtaobh Seirbhísí do Sheandaoine

| Cineál | Poiblí Fógartha | Poiblí Neamhfhógartha | Neamhphoiblí Fógartha | Neamhphoiblí Neamhfhógartha | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | 21 | 14 | 78 | 87 | 200 |

## 4.2.5 Rannpháirtíocht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta na bPáirtithe Leasmhara

### Cainteanna Comhdhála

De bharr achainíocha ó pháirtithe leasmhara, thug baill foirne Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta cainteanna ag na comhdhálacha seo a leanas i rith 2009:

- Comhdháil Bhliantúil an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Comhdháil Ord Spidiléara Eoin Dé

- Comhdháil Skillnet
- Comhdháil Inclusion Ireland
- Comhdháil Healthcare Ireland.

D'fhreastal baill foirne Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta ar roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáistiúnta i rith 2009. Dhírigh na comhdhálacha náisiúnta ar cháilíocht, seirbhísí do leanaí, cosaint leanaí agus seirbhísí do sheandaoine.

Reáchtáil UNICEF agus Aireacht Oibre agus Beartais Shóisialaigh Phoblacht na Seirbia comhdháil idirnáisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2009 — 'Leanaí faoi Chúram Foirmiúil: Cuntasacht na Soláthróirí Seirbhíse agus Meicníochtaí Monatóireachta' a dhírigh ar mheicníochtaí cuntasachta a threisiú chun a chinntiú nach sáraítear cearta na leanaí sa chóras leasa shóisialaigh. Thug UNICEF cuireadh do bheirt bhall foirne ó Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta óráid a thabhairt ag an gcomhdháil.

### An Gréasán Ceilteach

Ar 12 agus 13 Samhain 2009, chuir Cigireacht Seirbhísí Sóisialta an Údaráis Gréasán Ceilteach ar siúl in Oifig Réigiúnach an Údaráis i Margadh na Feirme, Baile Átha Claith. Is grúpa rialtóirí cúraim shóisialta é an Gréasán Ceilteach a chuimsíonn Alban, Tuaisceart Éireann, an Bhreatain Bheag agus Éire. Tá an tÚdarás ina phríomhbhall an ghrúpa seo agus buaileann príomhchigirí agus príomhionadaithe eile na ngrúpaí seo le chéile go débhliantúil mar chuid den Ghréasán. Is é cuspóir na gcruinnithe gréasáin seo ná eolas a roinnt agus reachtaíocht, polasaí, modheolaíocht agus cleachtais feidhme a bhaineann le comhlachtaí rialála a phlé.

### Roinn Leasa Shóisialaigh agus Teaghlaigh na hIorua

Sa bhliain 2008, d'iarr Roinn Leasa Shóisialaigh agus Teaghlaigh na hIorua ar chruinniú leis an gCigireacht Seirbhísí Sóisialta d'fhonn is go gcuirfí ar an eolas iad maidir le córas rialúcháin na hÉireann. I mí Feabhra 2009, d'éascaigh an Chigireacht Seirbhísí Sóisialta an t-iarratas seo agus bhuail siad le chéile le hionadaithe ó Roinn Leasa Shóisialaigh agus Teaghlaigh na hIorua in Oifig Réigiúnach an Údaráis i mBaile Átha Claith thar thréimhse dhá lá. Bhí óráidí, cainteanna agus seisiúin C&F mar chuid den dá lá a leag baill foirne Chigireacht na Seirbhísí Sóisialta amach.

## 4.3 Eolas Sláinte

### Cad a chiallaíonn sé do dhaoine

Tá sé ríthábhachtach do gach eagraíocht agus gairmí ag a bhfuil baint le soláthar cúraim sláinte agus sóisialta d'othair go bhfuil rochtain acu ar eolas tráthúil, cruinn, iomlán, inléite agus bainteach. Tá sé tábhachtach chun cáilíocht agus sábháilteacht ár seirbhísí a chinntiú. Trí obair na Stiúrthóireachta um Eolas Sláinte, táimid ag iarraidh sábháilteacht d'othair agus cáilíocht cúraim a fheabhsú trí chaighdeáin in Eolas Sláinte a fhorbairt: caighdeáin le haghaidh sainmhínithe, caighdeáin le haghaidh roinnt eolais, caighdeáin chun rialú agus príobháid eolais a chinntiú agus caighdeáin chun úsáid, clúdach agus cáilíocht an eolais a bharrfheabhsú.

### Cúlra

Tá eolas maidir le hinfhaighteacht, le hinrochtaineacht, le héifeachtacht, agus le héifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte bunúsach chun córas sláinte slán a chur ar fáil. Tá cinnteoireacht mhaith bunaithe ar infhaighteacht eolais mhaith agus úsáid mhaith an eolais, rud a fheabhsóidh na seirbhísí de réir a chéile. Cé go bhfuil go leor láidreachtaí sa chóras i láthair na huaire, agus roinnt áiteanna sármhaitheasa, tá easpa comhsheasmhachta thar an gcóras de bharr easpa caighdeán agus fadhbanna criticiúla.

Tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte cáilíocht agus clúdach reatha an eolais sláinte a anailísiú, fadhbanna a aimsiú agus moltaí a thabhairt chun na fadhbanna sin a réiteach.

Tá sainithe le haghaidh eolais chun comparáideacht bhríoch a áirithiú agus chun dúbailt iarrachta nach gá a sheachaint lárnach d'obair na Stiúrthóireachta. Tá sé tábhactach, chomh maith, caighdeáin chun comh-inoibritheacht idir na córais shláinte a thacú chun roinnt éifeachtúil eolais sláinte a éascú ar fud na hearnála.

Caithfidh creatlach le haghaidh rialachais eolais a bheith ag gach córas láidir eolais sláinte, a chuireann an tslí ina roinntear eolas go slán agus faoi rún ar bun.

Beidh togra chun Aitheantóir Uathúil Othair (aitheantóir náisiúnta sláinte) a thabhairt isteach, atá ríthábhachtach ar mhaithe le sábháilteacht othar, lárnach den chreatlach seo agus beidh impleachtaí maidir le heolas a roinnt go héasca idir soláthróirí sláinte. Is cuid bhunriachtanach d'fhorbairt taifead leictreonacha sláinte é.

### 4.3.1 Tosaíochtaí


Is é tosú an chláir oibre maidir le heolas sláinte príomhfhócas na bliana 2009. Leagadh amach na tosaíochtaí de réir an phlean chorparáidigh agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara.

### 4.3.2 Achoimre na nGníomhaíochtaí le linn 2009

#### Caighdeáin Eolais

Chuir an tÚdarás coiste stiúrtha um chaighdeáin náisiúnta ar bun chun caighdeáin náisiúnta le haghaidh eolais sláinte a chur chun cinn. Bíonn ionadaithe ar an gcoiste seo thar ceann an Údaráis, thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, thar ceann na Roinne Sláinte agus Leanaí, thar ceann na Clárlainne Náisiúnta Ailse, thar ceann na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, thar ceann an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, thar ceann an Bhoird Taighde Sláinte agus thar ceann na hInstitiúide um Shláinte Phoiblí in Éirinn.

Ba í an tosaíocht sa bhliain 2009 ná caighdeán le haghaidh curtha teachtaireachtaí leictreonacha ó agus chuig cleachtaí ginearálta a fhorbairt. Thosaigh an tÚdarás obair ar choincheapa cliniciúla a shainmhíniú agus ar an taifead leictreonach sláinte i rith 2009 freisin. Rinne sainaithint ar thosaíochtaí eile le linn 2009 chomh maith; caighdeáin le haghaidh códaithe saotharlainne agus raideolaíochta agus caighdeáin i leith R-Chógaslainne a ghlacadh san áireamh.




#### Aitheantóirí Uathúla Sláinte le haghaidh Lianna agus Eagraíochtaí

Rinne an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte taighde ar thionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar dhea-chleachtas san earnáil seo. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara náisiúnta ríthábhachtacha agus cuireadh an obair tógála i gcrích le linn 2009. Cuirfear an moladh faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí le linn 2010.

#### An Straitéis Náisiúnta um Eolas Sláinte

Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí an Grúpa Idirghníomhaireachta um Eolas Sláinte (HIIAG) ar bun a dhéanann ionadaíocht don Roinn, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Údarás. Nuashonraigh an grúpa seo an Straitéis Náisiúnta um Eolas Sláinte agus d'aontaigh siad le plean feidhmithe a shainmhíníonn róil agus freagrachtaí go soiléir i rith 2009. Go bunúsach, tá an Roinn freagrach as polasaí agus reachtaíocht, tá an tÚdarás freagrach as

caighdeáin agus monatóireacht, agus tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach as cur i ngníomh.

### An Bille um Eolas Sláinte

Is reachtaíocht chriticiúil é an Bille um Eolas Sláinte, atá á fhorbairt ag an Roinn Sláinte agus Leanaí i láthair na huaire, a bhunóidh an chreatlach dhlíthiúil ionas go mbeidh an tÚdarás in ann a chuid dualgas reachtúla mar gheall ar eolas sláinte a chomhlíonadh. Tá an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte tar éis páirt ghníomhach a ghlacadh i struchtúrú an Bhille.

### An Chreatlach Rialachais d'Eolas Sláinte

Tá tuiscint ar fhiúntas eolais phearsanta sláinte ag méadú de réir a chéile. Ach, caithfear é a bhainistiú i gceart chun na daoine, lena bhaineann an t-eolas, a chosaint, agus chun buntáistí, a fhéadfaidh teacht as bailiú agus úsáid an eolais seo, a uasmhéadú.

Tá an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte ag forbairt caighdeán le haghaidh rialachais eolais sláinte i gcomhairle le páirtithe leasmhara, a bheidh bunaithe ar an mBille um Eolas Sláinte atá ag teacht aníos. D'fhonn an obair seo a chur chun cinn le linn 2009, d'fhoilsigh an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte léirmheas ar struchtúir rialachais eolais a chuir cur chuige tíortha eile an domhain maidir le cúram sláinte agus sóisialta faoi chaibidil.

Rinne an tÚdarás anailís ar rialachas eolais maidir le cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn mar a bhí ag an am chomh maith, i gcomhailre le páirtithe leasmhara. Phléigh agus thug an anailís seo cuntas ar fhorálacha reachtaíochta a bhaineann le rialachas eolais agus na struchtúir, polasaithe agus treoirlínte atá i bhfeidhm san earnáil chúraim sláinte agus sóisialta in Éirinn.

### Aitheantóir Uathúil Sláinte le haghaidh Daoine Aonair

Is é easpa aitheantóra uathúil sláinte (UHI) le haghaidh daoine aonair ceann de na heasnaimh is mó in infreastruchtúr eolais náisiúnta sláinte. D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte an Tuarascáil ar Mholtaí i leith Aitheantóra Uathúil Sláinte le haghaidh daoine aonair in Éirinn i mí an Mhárta 2009. Moltar sa Tuarascáil gurb é aitheantóir dírithe ar chúram sláinte atá bunaithe ar dea-chleachtas idirnáisiúnta an rogha is sábháilte agus is éifeachtúla ó thaobh costais de d'Éirinn.

Chuir an tÚdarás léirmheas idirnáisúnta maidir le haitheantóraí uathúla sláinte le haghaidh daoine aonair i gcrích i 2010 agus déanfaidh an tÚdarás moltaí

maidir le struchtúir rialachais agus teicniúla atá ag teastáil sula dtabharfar aitheantóraí uathúla sláinte isteach san earnáil chúraim shláinte agus sóisialta in Éirinn.

### Caighdeáin le haghaidh Foinsí Eolais Náisiúnta Sláinte

Bailítear cuid mhaith eolais faoinár seirbhísí sláinte ar bhonn rialta. Baintear úsáid as an eolas seo chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí feidhmíochta agus sláinte, ar ghalracht agus mortlaíocht, ar fhaireachas agus eipidéimeolaíocht, ar úsáid acmhainní agus aisíocaíocht, agus ar cheapadh beartais. Chuir an tÚdarás tús le caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, d'fhonn cáilíocht ghinearálta na bhfóinsí eolais náisiúnta sláinte a chinntiú (úsáid acmhainní a bharrfheabhsú ina measc).

Is é céad chéim an tionscadail seo ullmhú fardail fóinsí eolais náisiúnta sláinte a chuirfidh 'ionad ilfhreastail' maidir le foinsí eolais náisiúnta sláinte ar fáil agus a mhéadóidh tuiscint i measc na bpáirtithe leasmhara ar fhoinsí eolais sláinte, an aidhm maidir leo agus a n-úsáideacht. Foilseofar an fardal seo le linn 2010. Is é céad chéim eile an tionscadail cur síos a dhéanamh ar infhaighteacht sonraí, ar úsáid sonraí, ar rochtain ar shonraí, agus ar shruthanna ardeolais agus acmhainní a úsáidtear chun foinsí eolais náisiúnta a fheidhmiú.

### Táscairí Feidhmíochta agus Tacair Íosta Sonraí

D'aontaigh na Stiúrthóireachtaí um Eolas Sláinte agus Cáilíocht Sláinte le cáipéis phrionsabal threorach a bhaineann le bun-táscairí feidhmiúcháin a fhorbairt, agus mion-tacair sonraí a bheidh foilsithe le linn 2010.

Tá an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Sláinte ag obair in éineacht le páirtithe leasmhara chun tacar bríoch táscairí a leagann amach a bheidh le húsáid i rannóga éigeandála timpeall na hÉireann.

## 4.4 Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte

### Cúlra

Is eagraíocht reachtúil in Éirinn é an tÚdarás a fhéadann measúnachtaí ar theicneolaíocht shláinte a dhéanamh faoi réir a dtéarmaí tagartha. Cuireann na measúnachtaí seo eolas ar fáil chun polasaí na tíre agus cinntí seirbhíse a éascú agus chun treoirlínte a fhorbairt i leith iompair agus measúnaithe na Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Shláinte (HTA) ar fud ár gcóras sláinte. Tá ról reachtúil ag an Údarás chomh maith, chun athbhreithniú agus moltaí a thabhairt i leith seirbhísí gach uair a mheasann siad gur gá sin, chun na torthaí is fearr a chinntiú le haghaidh na n-acmhainní atá ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá tacú le cinnteoireacht sláinte ríthábhachtach maidir le measúnú ar theicneolaíocht shláinte. Chuir an tÚdarás dhá mheasúnacht ar theicneolaíocht shláinte i gcrích go dtí seo. Mheas an chéad cheann éifeachtúlacht chostais an vacsaínithe shineánómaivíreas daonna (HPV) in aghaidh ailse ceirbheacs agus foilsíodh i Feabhra 2008 é. Úsáideadh torthaí na measúnachta seo chun tacaíocht a thabhairt do chinneadh a rinne an tAire Sláinte agus Leanaí vacsaíniú shineánómaivíreas daonna a chur ar fáil do chailíní atá 12 bhliana d'aois ó 2010 ar aghaidh.

Mheas an dara mheasúnacht ar theicneolaíocht shláinte éifeachtúlacht chostais, torthaí sláinte agus riachtanais acmhainní na roghanna ilchineálacha maidir le clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra i Meitheamh 2009.

Ba é an toradh a bhí ar an measúnacht seo ná gur iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás tuilleadh luachála a dhéanamh chun na hacmhainní atá sannta do na cláir náisiúnta scagthástála ailse bunaithe ar dhaonra atá ann faoi láthair a mheas, chun éifeachtúlacht a bheifí in ann baint amach as an gcóras reatha a aithint, chun seirbhísí ionscópachta ar an drólann agus na hacmhainní a bhaineann leis a mheas laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, d'fhonn clár scagthástála ailse calaireicteaí a chur ar fáil in Éirinn. Tugadh an mheasúnacht seo chun críche i nDeireadh Fómhair 2009 agus bhain an tAire úsáid ríthábhachtach aisti nuair a bheartaigh sé ar chlár náisiúnta scagthástála ailse calaireicteaí a sholáthar ó 2012 ar aghaidh.

Is léir go bhfuil measúnú ar theicneolaíocht shláinte tar éis dul i bhfeidhm

go dearfach ar chinnteoireacht náisiúnta in Éirinn. Tá an Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte ag obair in éineacht le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach chun cumas agus acmhainn mheasúnaithe ar theicneolaíocht shláinte a fhorbairt, chun measúnachtaí ardchaighdeáin ar theicneolaíocht a chur chun tosaigh agus chun easnaimh i measúnú ar theicneolaíocht shláinte a réiteach ar fud an chórais shláinte.

**Cad is measúnú ar theicneolaíocht shláinte ann?**

Déanann measúnú ar theicneolaíocht shláinte measúnú córasach agus oibiachtúil ar éifeachtacht chliniciúil agus éifeachtúlacht chostais na dteicneolaíochtaí nua, ach cuirtear tosca eile cosúil le ceisteanna sóisialta, eagraíochtúla agus eiticiúla san áireamh chomh maith nuair is gá. Úsáidtear an téarma 'teicneolaíocht' le haghaidh drugaí, trealaimh liachta, teicníce diagnóisí, gnáthamh máinliachta, agus clár sláinte don daonra. Cuirtear an t-eolas seo le húsáid ag an Aire Sláinte agus Leanaí, ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, ag an Rialtas, ag soláthraithe seirbhíse agus ag páirtithe leasmhara eile cosúil leis an bpobal agus le soláthraithe teicneolaíochta.

Is iad seo a leanas na buncheisteanna a cuireadh mar chuid d'aon mheasúnacht ar theicneolaíocht shláinte:

- An n-oibríonn an teicneolaíocht?
- Cé air a bhfuil sé dírithe?
- Cad é an leas don dhuine aonair?
- Cé mhéad a chosnaíonn sé?
- An bhfuil sé níos fearr nó níos measa ná na roghanna eile atá ar fáil?

### 4.4.1 Achoimre na nGníomhaíochtaí a tharla le linn 2009

**Struchtúr Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte**

Ba é ár bpríomhaidhm don bhliain 2009 struchtúr soláthair foirne a aontú agus tús a chur le foireann ildisciplíneach measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte a earcú, a bhfuil na scileanna agus saineolas atá ag teastáil acu. Bhí ar an Údarás an aidhm a chur i gcrích chun tabhairt faoin gclár measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte de réir ár riachtanas reachtúil. Bhí an lánchosc ar earcaíocht a cuireadh i bhfeidhm i 2009 ina údar

imní don Údarás. D'ainneoin é sin, fuarthas cead ón Roinn Airgeadais i Meán Fómhair seisear a earcú le haghaidh sé phost measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte. Ceapadh triúr i mí na Nollag 2009: an Ceannasaí Measúnaithe; an Ceannasaí um Thaighde agus Pleanáil; Eolaí Eolais. Ceapfar na trí phost eile ag tús 2010.

### Cumas agus Acmhainn a áirithiú i Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte

Níl mórán cleachta ar mheasúnú ar theicneolaíocht shláinte ann in Éirinn agus tá sé tábhachtach go ndéanfar forbairt ar an disciplín. D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach, tá an tÚdarás ag comhchistiú cláir chomhaltachta PhD 3 bliana san Ionad Náisiúnta Cógaseacnamaíochta chun scileanna mar gheall ar iompar agus léirmhíniú measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte a theagasc. D'obair an Stiúrthóireacht in éineacht le páirtithe leasmhara chun daoine a oiliúint agus a mhúineadh san earnáil mheasúnaithe ar theicneolaíocht shláinte. Tabharfar tacaíocht don mhac léinn a bheidh roghnaithe le haghaidh an chláir chomhaltachta in eacnamaíocht shláinte, a cheap an Bord um Thaighde Sláinte agus an Institiúid Náisiúnta Ailse sna Stáit Aontaithe Mheiriceá, mar chuid de.

### Caidreamh le páirtithe leasmhara a chothú

Tharla clár forleathan cruinnithe in éineacht le lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse, cliniceoirí, grúpaí othar, acadóirí, na tionscail chógaisíochta agus teicneolaíochta chomh maith le roinnt mhaith gníomhaireachtaí an rialtais le linn 2009. Chuir na cruinnithe seo i bhfad níos mó eolais ar fáil do thionscadail a bhí faoi lánseol ag an am chun iad a éascú, agus bhí níos mó eolais ar fáil chun cinntí a dhéanamh maidir le clár oibre Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte.



An Dochtúir Paticia Harrington, Stiúrthóir Gníomhach Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus an Dochtúir Mairín Ryan, Stiúrthóir Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ag seoladh measúnachta ar theicneolaíocht shláinte (HTA) maidir leis an gclár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn.

### Grúpa um Thaighde Sláinte

Rinne an stiúrthóireacht um measúnú ar theicneolaíocht shláinte ionadaíocht don Údarás ag an nGrúpra um Thaighde Sláinte de chuid an Údaráis Shláinte agus Leanaí agus ghlac siad páirt i bhforbairt an Phlean Gníomhaíochta um Thaighde Sláinte a seoladh i mí na Samhna 2009. Cuireann an plean gníomhaíochta leis na moltaí a rinne i straitéisí agus tuairiscí atá ar an bhfód cheana féin, cosúil leis an Straitéis Náisiúnta um Thaighde Sláinte, Eolas ag obair ar son Sláinte (2001) agus I dTreo Sláinte Níos Fearr: Athrú Céime i leith Taighde Sláinte in Éirinn (2006), agus, nuair is gá, cuirtear níos mó leo. Glacfaidh an tÚdarás ról lárnach i gcur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta as seo amach freisin.

## 4.4.2 Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Shláinte ar tugadh fúthu le linn 2009

### Measúnacht ar Theicneolaíocht Shláinte (HTA) maidir leis an gclár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn

Diagnoísítear níos mó ailse chalaireicteach ná aon chineál ailse eile in Éirinn i measc ban agus fear. Diagnoísíodh breis agus 2,100 cás ailse calaireicteaí agus tuairiscíodh breis agus 950 bás, 12% de na daoine uile a cailleadh de bharr ailse. Tugann scagthástáil le haghaidh ailse chalaireicteach deis chun riosca tolgtha ailse calaireicteaí agus básanna mar thoradh uirthi a laghdú in Éirinn trí loit réamhtheachtaí a aithint agus a bhaint agus trí urchóideacht a aimsiú ag am níos luaithe, nuair atá sé níos éasca dul i ngleic leis. Ní raibh aon chlár náisiúnta scagthástála nó clár scagthástála bunaithe ar dhaonra le haghaidh daoine aonair atá faoi phriacal meánach ailse chalaireicteach a tholgadh.

D'aontaigh an tÚdarás i mí na Samhna 2007 go ndéanfaidís measúnacht ar theicneolaíocht shláinte maidir le clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn, tar éis iarratas a fháil ó Bhord na Seirbhíse Náisiúnta um Scagthástáil le haghaidh Ailse (NCSS).


Bhí sé mar aidhm ag an measúnacht seo roghanna éagsúla le haghaidh cláir scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn a mheas, d'fhonn na míreanna seo a leanas a fháil amach: (i) éifeachtúlacht chostais na roghanna seo i gcomparáid leis an polasaí reatha nuair nach ndéantar aon scagthástáil agus i gcomparáid lena gcéile, (ii) bunimpleachtaí maidir le hacmhainní nua agus torthaí sláinte a bhaineann leis na roghanna seo le linn céad 10 mbliana an chláir scagthástála agus (iii) cúrsaí eiticiúla a éiríonn as na torthaí seo.

Tar éis próiseas iomaíoch tairisceana a cuireadh ar bun i mí na Samhna 2007, cheap an tÚdarás foireann ildisciplíneach chun an mheasúnacht a dhéanamh thar a cheann i Feabhra 2008, atá faoi threoir na Clárlainne Náisiúnta Ailse. Bhainistigh an Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte é seo taobh istigh den Údarás. Bhí grúpaí ón Ionad Náisiúnta Cógaseacnamaíochta i mBaile Átha Cliath, ón Scoil Shláinte agus Taighde Bhaintigh (ScHARR) ag Ollscoil Sheffield sa Ríocht Aontaithe agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i measc na ndaoine ar an bhfoireann. Bhí taithí fhorleathan ag na grúpaí seo i samhaltú eacnamaíoch, measúnú ar theicneolaíocht shláinte agus taighde ar sheirbhísí sláinte.

Tionóladh Grúpa Comhairleach Ildisciplíneach Saineolaithe de réir téarmaí tagartha sainmhínithe, chun an próiseas a threorú agus a mhaoirsiú, agus chun comhairle a thabhairt don Údarás. Bhí ionadaithe ar an ngrúpa seo thar cheann othar agus an phobail. Rinne an Dochtúir Deirdre Madden ón Roinn Dlí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, tráchtaireacht ó thaobh eitice don tuairisc.

D'fhoilsigh an tÚdarás torthaí na Measúnachta ar Theicneolaíocht Shláinte (HTA) maidir le clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn i Meitheamh 2009. Ba é an príomhthoradh an mheasúnaithe eacnamaíoch sa phríomhanailís ná go mbeadh clár scagthástála ailse calaireicteaí, bunaithe ar aon cheann de na trí rogha, an-éifeachtúil ó thaobh costais de i gcomparáid leis an bpolasaí atá ann faoi láthair i riocht is nach ndéantar aon scagthástáil. Chuir níos mó anailíse in iúl gur é clár scagthástála bunaithe ar FIT débhliantúil (tástáil imdhíoncheimiceáin faecaigh) do dhaoine idir 55 agus 74 bliain d'aois an straitéis scagthástála is fearr agus d'fhéadfadh sé thart ar 300 duine a shábháil in aghaidh na bliana nuair a bheidh sé curtha i ngníomh go hiomlán.

***Measúnú ar úsáid acmhainní i gcláir náisiúnta scagthástála le haghaidh ailse bunaithe ar dhaonra agus seirbhísí gaolmhara.***




Measúnú ar úsáid acmhainní i gcláir náisiúnta scagthástála le haghaidh ailse bunaithe ar dhaonra agus seirbhísí gaolmhara.

Tar éis tuairisc an Údaráis a fhoilsiú ar 17 Meitheamh 2009, Measúnacht ar Theicneolaíocht Shláinte (HTA) maidir le clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn, d'iarr an tAire ar an Údarás acmhainní atá sannta do chláir reatha náisiúnta scagthástála le haghaidh ailse bunaithe ar dhaonra a mheas, éifeachtúlacht a d'fhéadfaí baint amach ó na samhlacha reatha a aithint agus seirbhísí ionscópachta ar an drólann agus acmhainní gaolmhara a mheas, taobh istigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun tacaíocht a thabhairt d'fhoráil chlár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra in Éirinn.

Ní rabhthas in ann anailís chuimsitheach a dhéanamh ar gach gné de na seirbhísí a bhí measta de bharr an sprioc-ama 4 mhí. Mar thoradh, ní raibh na torthaí ná na moltaí bunaithe ar mhioneolas, ach ar eolas ag leibhéal ard. Ghlac Bord an Údaráis leis an tuairisc ar 14 Deireadh Fómhair 2009.

Rinne an mheasúnacht cur síos ar shamhail mhalartach a d'fhéadfadh na hacmhainní diagnóiseacha agus cóireála sa bhreis, atá ag teastáil ó aon chlár scagthástála nua, a chur ar fáil trí chur leis na acmhainní reatha atá ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bheadh níos lú costais i gceist leis ná a bhí i gceist leis an samhail eile atá bunaithe ar aonaid nua ionscópachta ar an drólanna a thógáil. Chuirfeadh an tsamhail mhalartach le dearbhú cáilíochta na seirbhísí reatha chomh maith.

Aithníodh roinnt éifeachtúlachta taobh istigh de chláir náisiúnta scagthástála, chomh maith le deiseanna chun costas a shábháil. D'fhéadfadh na deiseanna seo cur le seachadadh an chláir bheartaithe scagthástála ailse calaireicteaí. Rinne anailís, chomh maith, ar dheiseanna chun obair le chéile le soláthróirí árachais shláinte ionas go mbeadh na cuideachtaí seo in ann cuid den chostas a chur ar fáil.

### 4.4.3 Líonraí Idirnáisiúnta

#### Líonra Eorpach le haghaidh Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte (EUnetHTA)

D'ainmnigh an Roinn Sláinte agus Leanaí an tÚdarás chun chomhghníomh (JA) an Líonra Eorpaigh maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte, mar an gcomhlacht náisiúnta um measúnú ar theicneolaíocht shláinte (HTA). Is conradh é an comhghníomh seo idir an Líonra Eorpach agus an an Coimisiún Eorpach atá ag iarraidh comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe i dtaca le Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte a chothú lena bhfuil fiúntas ar leith ag an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Cuirfidh an tionscadal trí bliana, atá ag tosú Eanáir 2010, le modhanna agus uirlisí a bhí deartha ag tionscadal an Líonra Eorpaigh roimhe seo a bhí ar siúl idir 2006 agus 2008. Tá 33 gníomhaireacht agus táirgeoir institiúideacha a bhaineann le measúnú ar theicneolaíocht shláinte agus measúnachtaí cógas páirteach sa chomhghníomh ó 23 tír san AE agus 1 tír amháin i limistéar eacnamaíochta na hEorpa.

Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach sa phróiseas iarratais le haghaidh chomhgníomh an Líonra Eorpaigh (EUnetHTA) agus chuir siad leis.

HTAi
7th Annual Meeting Dublin 2010

Beidh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ina óstach don chomhdháil HTAi 2010 i mBaile Átha Cliath.

#### Measúnú Idirnáisiúnta ar Theicneolaíocht Shláinte (HTAi)

Is é Measúnú Idirnáisiúnta ar Theicneolaíocht Shláinte an eagraíocht ghairmiúil idirnáisiúnta a dhíríonn ar mheasúnú ar theicneolaíocht shláinte. Cuimsíonn sí gach eagraíocht timpeall na cruinne a thugann faoi mheasúnachtaí agus a bhaineann úsáid as eolas measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte, cé acu atá siad in institiúidí acadúla, saoráidí sláinte, tionscal, gnó, an earnáil dheonach, nó rialtas.

D'iarr an tÚdarás ar chruinniú idirnáisiúnta na heagraíochta a óstáil i mBaile Átha Cliath idir 6 agus 9 Meitheamh 2010. Is ócáid iontach spreagúil í laistigh de phobal measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte, agus tá gach cosúlacht ar an scéal go dtarraingeoidh sí thart ar 1,200

cleachtóir sláinte an domhain chuig an gcathair ar feadh tréimhse trí lá. Chomh maith leis an turasóireacht, tugann sé deis don Údarás naisc a chothú lena chontrapháirteanna idirnáisiúnta agus éascaíonn sí forbairt agus malartú an eolais mheasúnaithe ar theicneolaíocht shláinte. Cuireann sí i bhfios chomh maith gur comhoibrí tábhachtach idirnáisiúnta í Éire i taighde sláinte agus measúnú ar theicneolaíocht shláinte. Bhí 2009 gnóthach don Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte de bharr go raibh siad ag ullmhú na comhdhála seo. Rinne cuid mhaith oibre ar phleanáil an ábhair eolaíoch, agus ar lóistíocht eagraíochtúil freisin.




Na daoine sa ghrianghraf (Clé go Deas) ag seoladh HTAi Baile Átha Cliath 2010: an Dochtúir Mairín Ryan, Stiúrthóir Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte; an tOllamh Michael Drummond, Comhchathaoirleach Choiste Idirnáisiúnta na Láithreoireachta Eolaíocha, HTAi 2010 agus an Dochtúir PWEE Keng-Ho, Cathaoirleach Choiste Idirnáisiúnta an Chláir Eolaíoch, HTAi 2009.

### Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí le haghaidh Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte (INAHTA)

Glacadh le hÉirinn mar bhall Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí le haghaidh Measúnaithe ar Theicneolaíocht Shláinte i Meitheamh 2009. Is líonra idirnáisiúnta na ngníomhaireachtaí a bhaineann le measúnú ar theicneolaíocht shláinte é Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí a bunaíodh i 1993. Bhí tíortha i Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Laidineach, san Eoraip, san Áise, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn ina mball. Is eagraíochtaí neamhbhrabúsacha iad na baill go léir a bhfuil nasc acu le rialtas réigiúnach nó náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag an Líonra fóram a

chur ar fáil chun ábhar spéise do gach gníomhaireacht mheasúnaithe ar theicneolaíocht Shláinte a phlé.

Is áis thábhachtach é an Líonra don Údarás. Éascaíonn sé malartú smaointe agus eolais, tuairiscí measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte ó dhlínsí eile agus deiseanna eile. Éascaíonn sé seo athbhreithniú piaraí ar phunann oibre an Údaráis, agus seachnaíonn sé dúbailt oibre nach gá trí oiriúnú oibre idirnáisiúnta.

### An Líonra Idirnáisiúnta Eolais maidir le Teicneolaíochtaí Sláinte atá úr nua agus atá ag teacht chun cinn (Euroscan)

Is líonra comhoibritheach na mball é an Líonra Idirnáisiúnta Eolais maidir le Teicneolaíochtaí Sláinte atá úr nua agus atá ag teacht chun cinn (Euroscan) atá ann chun eolas a roinnt maidir le drugaí, gléasanna, gnáthaimh, cláir agus cúinsí tábhachtacha nua san earnáil sláinte. Glacadh leis an Údarás mar bhall na heagraíochta seo i mí na Samhna 2008 agus ghlac sé páirt lárnach i ngníomhaíochtaí EuroScan i rith 2009.

Is acmhainn thábhachtach í ballraíocht an Líonra seo don Údarás. Is féidir le baill eolas a athbhreithniú agus a roinnt ar an suíomh Idirlín maidir le teicneolaíochtaí sláinte atá úr nua agus atá ag teacht chun cinn agus maidir le modhanna feidhmeacha chun iad a mheasúnú go luath. Seachnaíonn sé seo dúbailt oibre nach gá.

## 4.5 Cumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Oibríonn an Fhoireann Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara chun cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach a dhéanamh leis an bpobal, agus chun eolas atá cothrom le dáta maidir lenár n-obair ar mhaithe le seirbhísí níos sábháilte agus níos fearr a chur ar fáil do chách. Tuigeann an tÚdarás gur gá comhairliúchán oiriúnach agus cuimsitheach a dhéanamh chun an rud atá tábhachtach don phobal a bhaint amach, tuiscint mhaith ar ár ról do na páirtithe leasmhara, an obair a dhéanaimid agus an fíorthionchar atá aici ar shaol na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann — ár n-aidhm chun sábháilteacht othar a chur chun cinn a chur i bhfeidhm go héifeachtach.



Bhainistigh an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara roinnt agallamh leis na meáin le linn 2009.

### Cúlra

Tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara cumarsáid ar fad an Údaráis a chomhordú, idir chumarsáid inmheánach agus chumarsáid sheachtrach. Is é príomhfhócas na Stiúrthóireachta a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid a thagann amach ón Údarás comhordaithe, comhsheasmhach, éifeachtach agus saoráideach don phobal d'fhonn príomhaidhmeanna an Údaráis a chur i gcrích.

I rith 2009, bhí an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara ag iarraidh feasacht shoiléir ar ról agus feidhm an Údaráis a mhéadú tuilleadh i measc an phobail i gcoitinne trí chumarsáid le páirtithe leasmhara a bhainistiú go réamhghníomhach. Chun riachtanais chumarsáide an Údaráis a chomhlíonadh, tá ocht bpríomhfheidhm ag an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara:

- Caidreamh leis na meáin agus leis an bpreas
- Teagmháil le páirtithe leasmhara
- Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha
- Bainistíocht chlú chorparáidigh
- Cumarsáid Inmheánach
- Bainistíocht Foilsitheoireachta agus Foilseachán
- Bainistíocht Ócáidí
- Bainistíocht bhealaí ar líne an Údaráis: suíomh Idirlín, an t-inlíon, leathnaigh líonraithe shóisialta.

Tá an fhoireann Chumarsáide in ann déileáil le riachtanais chumarsáide agus teagmhála le páirtithe leasmhara na stiúrthóireachtaí eile laistigh den Údarás agus cuireann sí seirbhís chuimsitheach chumarsáide ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'fhonn feabhsú inbhuanaithe a chruthú agus a choinneáil i leith cáilíochta agus sábháilteachta sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

### 4.5.1 Achoimre na nGníomhaíochtaí a tharla le linn 2009

Tá sé mar phríomhaidhm ag Straitéis Chumarsáide an Údaráis, a ceapadh in 2008, guth dearfach neamhspleách a bhunú agus a choinneáil trí obair an Údaráis a chur chun tosaigh ar bhonn leanúnach. Is iad na meáin príomhbhealach na cumarsáide agus trína bhfuil an tÚdarás in ann teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

Tá cur chuige réamhghníomhach agus oscailteach ag feidhm chumarsáide an Údaráis leis na meáin agus eisíonn siad preaseisiúintí, ráitis, tuairiscí foilsithe go rialta agus tugann siad freagra ar gach ceist a fhaightear.

Cuireann ár ngníomhartha leis na meáin chumarsáide obair an Údaráis chun cinn: cuirtear leas a bhainfidh an pobal as ár n-obair in iúl agus déantar athrá ar ról agus téarmaí tagartha an Údaráis dá bharr. Tá sé mar aidhm ag an gcaidreamh leis na meáin agus leis an bpreas clúdach na meán cumarsáide atá cothrom agus cóir a ghiniúint, ionas go gcuirfear ár bpríomhtheachtaireachtaí maidir leis an ról, téarmaí tagartha agus feidhmeanna an Údaráis ar aghaidh.



Samplaí d'fhoilseacháin an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte in 2009.

Thionóil an tÚdarás seisiúin eolais don phreas go rialta i rith 2009, d'fhonn an t-eolas is deireanaí a thabhairt do na meáin maidir le hobair an Údaráis. Reáchtálamar feachtais chomh maith; cruinnithe le hiriseoirí, preasócáidí, agallaimh, preaseisiúintí agus foilsiú na dtuairiscí/ráiteas seo a leanas san áireamh:

- 12 Feabhra 2009: Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte sásta gur ghlac an Rialtas le Tuarascáil an Choimisiúin maidir le Sábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta
- 9 Márta 2009: Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta i leith Suíomhanna Cúraim Cónaithe do Dhaoine Breacaosta in Éirinn.

- 9 Aibreán 2009: Tuairisc an Imscrúdaithe maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí atá curtha ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Inis.
- 11 Bealtaine 2009: Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta: Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in Éirinn
- 27 Bealtaine 2009: Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Ghalarchosc agus Rialú na Ionfhabhtuithe a bhaineann le Cúram Sláinte
- 17 Meitheamh 2009: Measúnacht ar Theicneolaíocht Shláinte (HTA) maidir le clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra
- 29 Meitheamh 2009: Moltaí le haghaidh Aitheantóir Uathúil Sláinte do Dhaoine Aonair
- 1 Iúil 2009: Tosaíonn iniúchadh neamhspleách ar tithe altranais
- 4 Samhain 2009: An Tuarascáil Náisiúnta maidir le hIniúchadh na Leanaí faoi Chúram 2008.

Tá sé mar phríomhaidhm an Údaráis comhairliúchán iniatach a dhéanamh in éineacht le páirtithe leasmhara, chun cinntiú go mbímid ábalta déileáil le riachtanais na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta de réir mar is gá.

Chomhordaigh an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara ceithre chomhairliúchán poiblí spriocdhírithe i 2009 a bhain le: caighdeáin i leith seirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine breacaosta, aitheantóir uathúil sláinte agus caighdeáin le haghaidh curtha teachtaireachtaí ó agus chuig cleachtaí ginearálta. Rinne an Stiúrthóireacht ionadaíocht don Údarás chomh maith ag athbhreithniúchán an Fhóraim Rialála Sláinte agus Cúraim Shóisialta mar gheall ar dhea-chleachtas i gcuimsiú an úsáideora i rith comhairle, atá tacaithe ag an bprótacal inmheánach reatha “an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte: Conas comhairle a stiúradh” atá le fáil ar www.hiqa.ie.

Ghlacamar páirt, ag obair as lámh a chéile le stiúrthóireachtaí eile, i gComhairle an Aosaithe Dhearfaigh de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí agus i gComhaire ar mhaithe le Pobail níos Sábháilte do Dhaoine Breacaosta de chuid an Gharda Síochána.

Áirithíonn an tÚdarás, trína fheidhm phoiblí agus pharlaiminteacha go bhfuil sé cuntasach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais, agus go gcinntíonn siad go gcuirfidh siad eolas cruinn agus cothrom le dáta ar fáil go tráthúil. Thug an tÚdarás freagra ar 32 cheist pharlaiminteacha ina iomlán i 2009, agus rinne an tÚdarás láithreoireacht maidir le cúram príomhúil do Chomhchoiste an Oireachtais um Sláinte agus Leanaí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana ar fhorbairt agus rolladh amach polasaithe dea-chleachtais maidir le cumarsáid inmheánach, scríobh tuairiscí, balaistíocht foilseachán. Chomh maith leis an obair sin, chuir an Stiúrthóireacht tús le tionscadal tábhachtach chun suíomh Idirlín an Údaráis a athdhearadh d’fhonn inrochtaineacht a fheabhsú agus feidhmeanna úra an Údaráis a léiriú. Leanfar leis an obair seo le linn 2010 agus is céim mhór í chun an t-eolas ar fad a chruthaíonn an tÚdarás a chur os comhair an phobail.

Chuir an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Teagmhála le Páirtithe Leasmhara, i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um Measúnú ar Theicneolaíocht Shláinte agus páirtithe idirnáisiúnta, tús le hobair ullmhúcháin le haghaidh HTAi 2010 a bheidh ar siúl i Meitheamh 2010. Beidh an chomhdháil seo ina húdar bróid don Údarás agus do mheasúnú ar theicneolaíocht shláinte in Éirinn. Nuair a chuirfidh an chomhdháil seo saineolaithe idirnáisiúnta le chéile, tabharfar deis chun comhoibriú éifeachtach a bhaint amach i réimse measúnaithe ar theicneolaíocht shláinte a d’fhéadfadh tuilleadh eolais a chur ar fáil do chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise agus do leithdháileadh acmhainní ar mhaithe leis an gcóras sláinte agus cúraim shóisialta.

## 4.6 Seirbhísí Corparáideacha

### Cúlra

Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha a chinntiú go bhfuil infreastruchtúr, córais agus próisis oiriúnacha ag an Údarás chun ár n-aidhmeanna a chur i gcrích. Rinneadh réimse gníomhaíochtaí le linn na bliana chun infreastruchtúr an Údaráis a fhorbairt agus a threisiú.

Cuireadh cuntais bhliantúla 2009 an Údaráis faoi bhráid an an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na hamscálaí a leagtar amach san Acht Sláinte 2007.

Rinneadh conradh le soláthraí seachtrach chun feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis a dhéanamh. Rinneadh iniúchtaí inmheánacha ar rialachas corparáideach agus soláthar le linn 2009. Rinne an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí iniúchadh ar cheadúnas earcaíochta an Údaráis agus ar pholasaithe agus cleachtais a bhaineann le ceapacháin inmheánacha. Dréachtaíodh pleananna gníomhaíochta i ngach cás chun na moltaí a éiríonn as iniúchtaí den chineál seo a chur i bhfeidhm. Tugadh faoi na deacrachtaí uile nó tá siad ag tabhairt fúthu i láthair na huaire..

### 4.6.1 Acmhainní Daonna

Leanadh le hearcaíocht agus le roghnúchán mar phríomhghníomhaíochtaí acmhainní daonna i rith 2009 agus fostaíodh baill foirne sa bhreis tar éis comórtas oscailte agus socruithe aistrithe. Rinneadh athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta acmhainní daonna chun inrochtaineacht, comhsheasmhacht agus dea-ghnás a áirithiú.

Díríodh fócas agus iarracht ar earnáil níos leithne cosúil le feidhmíocht agus páirtíocht fostaithe, agus ceapadh agus cuireadh i bhfeidhm roinnt príomhchláir agus príomhghníomhaíochtaí a bhaineann leo. Seoladh córas um bainistíocht agus forbairt feidhmíochta do gach ball foirne laistigh den Údarás chomh maith le clár rollta amach cuimsitheach le haghaidh gach fostaí.

Cuireadh tús le hobair ar bhainistíocht foghlama agus forbartha ó thaobh eagair mar phríomhthionchar mar gheall ar fheidhmíocht eagraíochtúil.

D'oibrigh an fhoireann acmhainní daonna in éineacht le páirtithe leasmhara inmheánacha chun bunchláir foghlama agus forbartha a aithint agus a chur ar fáil a bhaineann le príomhréimsí straitéiseacha cosúil le bainistíocht tionscadal agus dínit agus meas san ionad oibre.

Tugadh tacaíocht d'fhostaithe aonair a thug faoi chlár tacaíochta acadúla chomh maith.

### 4.6.2 Bainistíocht Airgeadais

Caighdeánaíodh próiseáil agus tuairisciú airgeadais go rathúil le linn na bliana. Cuireadh córas buiséid i bhfeidhm a chuir le cumas an Údaráis caiteachas iarbhír a bhainistiú in aghaidh acmhainní pleanáilte agus infhaighte.

Soláthraíonn rialacháin atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, a tháinig in éifeacht ar 1 Iúil 2009, go dtosófar clárú na n-ionad ceaptha agus go bhfuil foráil ann a bhaineann le táillí iarratais, táillí bliantúla, agus táillí d'aon athrú nó baint na gcoinníollacha clárúcháin.

Chuir an t-aonad airgeadais próiseas billeála táillí agus bailithe fiach ar bun, agus bhí rath tomhaiste don chlár i rith dara leath den bhliain 2009.

Tá obair fós ar siúl maidir le roghnúchán an chórais fhadtéarmaigh airgeadais is fearr don Údarás.

### 4.6.3 Plean Corparáideach agus Plean Gnó

D'fhoilsigh an tÚdarás Plean Corparáideach 2008 go 2010 i dtús 2008.

Tar éis an Phlean Gnó 2008 a chur i gcrích, rinneadh forbairt ar agus glacadh le Mionphlean Gnó 2009, a chuir síos príomhaidhmeanna gnó, ar aon dul leis an bPlean Corparáideach, le baint amach i rith na bliana. Tá an dá cháipéis le fáil ar shuíomh Idirlín an Údaráis, www.hiqa.ie.

### 4.6.4 Bainistíocht Saoráidí

Bhog an tÚdarás go dtí príomh-oifig bhuan nua i Machain, Corcaigh i mí an Mhárta 2009. I mí na Nollag 2008, bhog an oifig i mBaile Átha Cliath go dtí buanoifig nua i Margadh na Feirme. Dearadh an dá oifig, a tógadh le tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí, chun freastal ar fhoireann agus

modhanna oibre an Údaráis i dtimpeallacht phlean oscailte agus nua-aimseartha.

### 4.6.5 Córais Faisnéise

Ba thionscadal mór é don fhoireann chórais faisnéise nuair a bhog an tÚdarás chuig príomh-oifig nua i gCorcaigh agus cuireadh i gcrích go rathúil é. Thacaigh córas faisnéise, a d'fhorbair an fhoireann inmheánach, le tús chlárú agus iniúchadh na seirbhísí do dhaoine breacaosta. Eisíodh nuashonruithe don chóras sin níos déanaí le linn na bliana, modúl lena raibh an tÚdarás in ann ábhar is cúram don phobal a láimhseáil san áireamh.

Cuireadh infreastruchtúr teicneolaíochta faisnéise i bhfeidhm le haghaidh cigirí atá bunaithe sa bhaile agus a bhí earcaithe ag an Údarás atá ag obair le seirbhísí cúraim chónaithe do dhaoine breacaosta. Cuireadh tús le tionscadail eile chomh maith, córas bainistíochta cáipéisí agus iarracht chun éifeachtúlacht socruithe priontála a mhéadú chun coigilteas substaintiúil a bhaint amach san áireamh.

### 4.6.6 Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an tÚdarás tiomnaithe do riachtanais a leagadh amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus i Rialacháin na hAchta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007 a chomhlíonadh go hiomlán trí oiliúint oiriúnach, cláir um fheasacht sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil nuair is gá.

Leagadh amach ráiteas sábháilteachta agus déantar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteacha ar bun san Údarás agus buaileann siad le chéile go rialta i rith na bliana. Níor tharla aon timpiste thromchúiseach san áit oibre i rith 2009.

### 4.6.7 Saoráil Faisnéise

Ní mór don Údarás a fheidhm a bhaint amach faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI). Bunaíonn na hAchtanna seo trí cheart reachtúla nua:

- Tá ceart reachtúil ag daoine rochtain ar aon eolas atá á choinneáil ag

comhlachtaí poiblí maidir leo.

- Tá ceart reachtúil ag daoine eolas oifigiúil, atá á choinneáil ag comhlachtaí poiblí maidir leo, a nuashonrú nuair atá sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- Tá ceart reachtúil ag daoine fáthanna a fháil maidir le cinntí a bhí déanta ag comhlachtaí poiblí a bhain leo.

Tugadh freagra ar gach iarratas mar is cuí agus bhainistigh an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus na cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise iad de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Fuair an tÚdarás 14 iarratas faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Deonaíodh trí iarratas acu ina n-iomlán, deonaíodh páirt de trí iarratas eile, diúltaíodh trí chinn, aistríodh dhá cheann agus aistarraingíodh/déileáladh le trí chinn lasmuigh d'Acht um Shaoráil Faisnéise. Fuair an tÚdarás iarratas amháin ó athbhreithniúchán inmheánach ar chinneadh agus cuireadh iarratas amháin faoi bhráid an Choimisinéara Faisnéise.

# 4.7 Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

## Cúlra

Déanann Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin maoirseacht agus tugann sé treoir agus tacaíocht d'fhonn is go mbeidh an tÚdarás in ann a aidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, i slí atá rialaithe go maith. Ba iad na príomhréimsí oibre i rith 2009 ná tacaíocht a thabhairt don Bhord agus do Choistí an Bhoird, Creatlach Bainistíochta Feidhmíochta agus Bainistíochta Riosca a chur ar bun, athbhreithniú ar shocruithe rialachais chorparáidigh agus cultúr agus éiteas an Údaráis a chur chun cinn.

Is mian leis an Údarás bearta éifeachtacha rialachais i bhfeidhm agus rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscnamh ar mhaithe le córais rialachais a fheabhsú tuilleadh. Mar chuid d'Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis, tá tuairisc ag teastáil maidir le socruithe chun comhlíonadh an Chóid Rialachais ar bhonn leanúnach a chinntiú. Tá níos mó sonraí thíos maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne chun na tionscnaimh seo a chur chun cinn.

### 4.7.1 Gníomhaíochtaí an Bhoird agus Gníomhaíochtaí Choistí an Bhoird

Mar thoradh ar an bhforás agus forbairt shuntasach a tharla ar fheidhmeanna agus líon na mball foirne le dhá bhliain anuas, léiríonn an Bord agus Coistí an Bhoird freagracht an Bhoird, mar an gcomhlacht rialaithe, agus an aidhm go gcuirfear struchtúir chomhthreomhara rialachais ar bun mar fhreagra ar dhéine fhorbairt an Údaráis.

Le linn 2009:

- Bhuail an Bord le chéile 11 uaire
- Bhuail an Coiste um Rialachas Sláinte agus Cúraim Shóisialta le chéile 4 uaire
- Bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Rialachais le chéile 4 uaire
- Bhuail an Coiste Teicneolaíochta agus Taighde Faisnéise le chéile 4 uaire
- Bhuail an Coiste Luacha Saothair agus Ainmniúcháin le chéile dhá uair.

### 4.7.2 Cód Rialachais

D’fhoilsíodh an cód cleachtais athbhreithnithe le haghaidh rialachais na gcomhlachtaí poiblí i Bealtaine 2009 agus thosaigh an tÚdarás ag athbhreithniú ar a Chód féin chun forbairtí nua san earnáil seo a léiriú. Cé go bhfuil a lán bearta i bhfeidhm a thugann struchtúr agus a chinntíonn go gcomhlíonann baill an Bhoird na treoirlínte rialachais, tá plean gníomhaíochta faoi fhorbairt i láthair na huaire chun a chinntiú go gcuirtear meanma an Chóid i ngníomh i ngach réimse an Údaráis.

### 4.7.3 Cód Iompraíochta Gnó

Tá Cód Iompraíochta Gnó an Údaráis i bhfeidhm freisin.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an tÚdarás

- ar aon dul le reachtaíocht mar gheall ar eitic in oifig phoiblí
- ag bainistiú ócáidí as a bhféadfadh coinbhleacht leasa a éirí
- ag áirithiú go dtuigeann baill an Bhoird a gcuid freagrachtaí agus an tuiscint seo a chur i scríbhinn.

### 4.7.4 Creatlach Bainistíochta Feidhmíochta agus Bainistíochta Riosca

Cuireadh Creatlach Bainistíochta Feidhmíochta, a dhéanann taifead ar dhul chun cinn i gcomparáid le haidhmeanna straitéiseacha agus gnó agus na rioscaí a bhaineann leis seo, ar bun i rith 2009 d’fhonn rialachas agus feidhmíocht an Údaráis a fheabhsú. Cinntíonn sé sin go ndíríonn an tÚdarás ar a n-aidhmeanna i gcónaí agus go bhfuil siad ar an eolas faoi stádas na n-aidhmeanna seo ag aon am le linn na bliana.

Luadh an Cód Cleachtais athbhreithnithe le haghaidh rialachais na gcomhlachtaí poiblí gur chóir do ‘gach comhlacht poiblí polasaí bainistíochta riosca a fhorbairt agus ba chóir don Bhord glacadh le creatlach bainistíochta agus a éifeachtacht a mhonatóiriú’. Ghlac an tÚdarás le polasaí bainistíochta riosca i dtús 2009, agus bhunaigh siad creatlach a dhéanann taifead ar na rioscaí don Údarás agus rialaitheoirí atá dírithe ar na rioscaí seo.

Déanann an tÚdarás monatóireacht, chomh maith, ar a ngníomhaíochtaí oibríochtúla agus na rioscaí a bhaineann leo. Cuirtear bainistíocht riosca in iúl i struchtúr bainistíochta tionscadal agus is mír bhuan é riosca ag gach cruinniú choistí an Bhoird.

Chomh maith leis sin, tá banaisteoir riosca ann a thugann a thuairiscí go díreach chuig an bPríomhfheidhmeannach agus chuig an mBord, de réir treoir athbhreithnithe.

### 4.7.5 Cultúr agus Luachanna

Tá forbairt shuntasach tar éis teacht ar an Údarás ó bunaíodh é agus tá sé ag saoirsiú ag luas maith. Tá obair chun cultúr a léiríonn luachanna an Údaráis a bhunú iontach tábhachtach don Údarás agus tá obair air faoi lánseol anois.

# 5 Eolas Airgeadais

## 5.1 Ráitis Airgeadais

Ní hé an t-eolas achoimrithe a leagtar amach sa tuarascáil seo cuntais an Údaráis don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2009 mar atá riachtanach de réir mhír 35 (4) den Acht Sláinte, 2007. Tá an t-eolas seo a leanas bunaithe ar dhréachtchuntais toisc nach raibh na cuntais seo iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a foilsíodh an tuarascáil seo agus ní féidir leis an Údarás glacadh leo dá bharr.

### Cuntais Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais an Údaráis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009:

| | €000 |
|---|---|
| **Ioncam** | |
| **Ioncam na Roinne Sláinte agus Leanaí** | 11,100 |
| **Táillí Bliantúla agus Táillí Clárúcháin** | 2,443 |
| **Ioncam eile** | 393 |
| **Ioncam iomlán** | **13,936** |
| **Imscrúduithe** | |
| **Caiteachais agus Táillí Gairmiúla** | 345 |
| **Costais Foirne** | 9,632 |
| **Taisteal agus marthaine** | 458 |
| **Taighde agus eisiúint** | 850 |
| **Recruitment** | |
| **Tacaíocht agus bunaíocht earcaíochta** | 2,336 |
| **Caiteachas iomlán** | **13,621** |
| **Barrachas ioncaim thar caiteachas** | 315 |
| **Cúlchiste tosaigh** | 696 |
| **Cúlchiste deiridh** | **1,011** |

## Cuntas Achoimrithe Caipitil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| | €000 |
|---|---|
| **Ioncam** | |
| **Ioncam na Roinne Sláinte agus Leanaí** | 199 |
| **Imscrúduithe** | |
| **Caiteachas/Caiteachas Caipitiúil** | 199 |
| **Barrachas/(easnamh) don Tréimhse** | - |
| **Cúlchiste tosaigh** | (28) |
| **Aistriú ó chúlchiste ioncaim** | 28 |
| **Cúlchiste deiridh** | - |

Le haghaidh tuilleadh eolais, ba chóir go rachfaí i gcomhairle leis na cuntais ina n-iomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, agus le teastas an Ard-Reachtaire Chuntas agus Ciste nuair a atá siad ar fáil. Nuair atá siad réidh, beidh cóipeanna de na cuntais seo ar fáil ó Phríomh-oifig an Údaráis i gCorcaigh.

# Aguisíní



# Aguisín 1 - Gníomhaíocht agus Tinreamh an Bhoird

De réir an Achta Sláinte 2007, tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach gach bliain tiocfaidh sé le chéile uair amháin ar a laghad gach 2 mhí. Seo a leanas na 6 chruinniú sceidealaithe chomh maith le tinreamh gach ball an Bhoird.

## Tinreamh ag na 6 chruinniú rialta agus cruinnithe eile a bhí riachtanach de réir reachtaíochta i 2009

| Dátaí chruinnithe rialta an Bhoird 2009 | 21 Eanáir | 25 Márta | 19 Bealtaine Tráthnóna | 20 Bealtaine lá ar fady** | 23 Iúil | 22 Meán Fómhair | 18 Samhain | Iomlán Tinreamh as 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pat Mc Grath** | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 6 |
| **Michael Barry** | Sé | Sé | Nil | Nil | Nil | Sé | Nil | 3 |
| **Dan Byrne** | Sé | Sé | Sé | Sé | Nil | Sé | Sé | 5 |
| **Ian Callanan** | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 6 |
| **Brian Meade** | Sé | Sé | Sé | Sé | Nil | Sé | Sé | 5 |
| **David O'Hora** | Sé | Sé | Sé | Sé | Nil | Sé | Sé | 5 |
| **Dolores Quinn** | Nil | Sé | Nil | Sé | Sé | Sé | Sé | 4.5 |
| **Bryan Barry** | Nil | Nil | Sé | Sé | Sé P-T* | Sé | Sé P-T* | 4 |
| **Sheila O'Connor** | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé P-T* | Sé | Sé | 6 |
| **Geraldine McCarthy** | Sé | Sé | Nil | Nil | Sé | Sé | Sé | 5 |
| **Angela Kerins** | Sé | Sé | Nil | Sé | Nil | Sé | Sé P-T* | 4.5 |
| **Dermot Power go dtí Bealtaine** | Sé | Nil | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | 1 as 2 |
| **Grainne Tuke tar éis Bealtaine** | N/A | N/A | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 4 as 4 |
| **Tinreamh Iomlán** | 10 | 10 | 8 | 10 | 7 | 12 | 11 | |

* páirtaimseartha ** tá aon chruinniú an Bhoird amháin i gceist le 19 agus 20 Bealtaine

Chomh maith le líon chruinnithe an Bhoird atá ag teastáil chun riachtanais an Achta Sláinte 2007 a chomhlíonadh, thionóil an Bord cúig chruinniú sa bhreis chun feidhmeanna an Údaráis a chur chun cinn.

## Tinreamh 5 chruinniú urghnácha an Bhoird i 2009


| Dátaí chruinnithe urghnácha an Bhoird 2009 | 26 Feabhra | 12 Márta TC | 6 Aibreán | 5 Deireadh Fómhair | 14 Deireadh Fómhair | Tinreamh Iomlán as 5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Pat Mc Grath | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 5 |
| Michael Barry | Nil | Nil | Sé | Sé | Sé | 3 |
| Dan Byrne | Nil | Sé | Nil | Sé | Sé | 3 |
| Ian Callanan | Sé | Sé | Sé | Sé | Nil | 4 |
| Brian Meade | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 5 |
| David O'Hora | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 5 |
| Dolores Quinn | Nil | Sé | Sé | Sé | Sé | 4 |
| Bryan Barry | Nil | Nil | Sé | Sé | Sé | 3 |
| Sheila O'Connor | Sé | Sé | Sé | Sé | Nil | 4 |
| Geraldine McCarthy | Sé | Sé | Sé | Sé | Sé | 5 |
| Angela Kerins | Nil | Nil | Sé P-T* | Sé | Nil | 2 |
| Dermot Power go dtí Bealtaine | Sé | Nil (CL)[1] | Sé | N/A | N/A | 2 as 3 |
| Grainne Tuke tar éis Bealtaine | N/A | N/A | N/A | Sé | Sé | 2 as 2 |
| Tinreamh Iomlán | 7 | 7 | 11 | 12 | 9 | |

* páirtaimseartha

[1] Nuair a dhéantar plé ag cruinniú maidir le hábhar a d'fhéadfadh a bheith ina choinbhleacht leasa (CL) do bhall an Bhoird, leagann nósanna imeachta an Bhoird amach nár chóir don bhall sin a bheith páirteach sa phlé.

# Aguisín 2:

**Struchtúr na hEagraíochta**



Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

**Príomh-Oifig**
Aonad 1301,
Geata na Cathrach,
Machain, Corcaigh
**T:** +353 21 240 9300
**E:** info@hiqa.ie

**Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath**
Cúirt Sheoirse,
Lána Sheoirse,
Baile Átha Cliath 7
**T:** +353 1 814 7400
**E:** info@hiqa.ie